Intreo

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection
www.welfare.ie

AN ROINN COIMIRCE SÓISIALAÍ
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2014

ISSN 2009-4140
Rialtas na hÉireann 2015

Clár Ábhar

BROLLACH AGUS RÉAMHRÁ 4

CAIBIDIL 1

An Roinn: Gnó agus Eagrú na Roinne 7

CAIBIDIL 2

2014 í gComhthéacs 18

CAIBIDIL 3

Seirbhísí agus Beartais na Roinne
Cuspóir 1 - An Cliant a Chur Chun Tosaigh i gCroílár Seirbhísí agus Polasaithe 26

CAIBIDIL 4

Éifeachtúlacht agus Éifeachtacht
Cuspóir 2 - Éifeachtúlacht agus éifeachtacht costas a thiomáint 41

CAIBIDIL 5

Acmhainní Oibríochta
Cuspóir 3 - An fhoireann, struchtúir agus próisis a fhorbairt 47

AGUISÍNÍ 56

brollach& réamhrá

Brollach

Leanadh de chlaochlú na Roinne Coimirce Sóisialaí in 2014 chun seirbhís fostaíochta poiblí ghníomhach agus rannpháirteach a dhéanamh di, dírithe ar dhaoine a chur ar ais ag obair. Tharla roinnt eochair-fhorbairtí i dtreo bhaint amach na sprice sin, lena n-áirítear Kevin Humphreys T.D. a cheap an Rialtas mar Aire Stáit sa Roinn, le cúram speisialta as Fostaíocht, Pobal agus Tacaíocht Shóisialta. Thosaigh an tAire Humphreys ag obair sa Roinn i mí Iúil 2014 agus tá sé ag obair chun straitéisí na Roinne a chur chun cinn ó shin i leith.

In éineacht leis an Taoiseach, Enda Kenny, T.D., bhí ríméad orm an tionscnamh *Bealaí chun na hOibre 2015* a sheoladh, a bhfuil sé mar aidhm leis tógáil ar dhul chun cinn atá déanta cheana féin chun cuardaitheoirí poist, go háirithe daoine óga dífhostaithe agus daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, a chur ar ais ag obair. Mar chuid den straitéis iomlán sin ag an Rialtas, tá fostaíocht agus oiliúint tagarmharcáilte ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, agus foilsíodh na torthaí, d'fhonn feidhmíocht i gcoinne spriocanna a chinntiú. Déanfar measúnú ar Ionaid Intreo, a thugann tacaíochtaí fostaíochta agus ioncaim comhtháite do chuardaitheoirí poist san áit chéanna den chéad uair riamh, mar chuid den phróiseas seo, agus foilseofar staitisticí feidhmíochta maidir le gach ionad. Ina theannta sin, díríonn an straitéis go háirithe ar rannpháirtíocht fostóirí in 2015 lena chinntiú go bhféachfaidh fostóirí ar na mBeochlár nuair a bheidh siad ag fostú daoine.

I rith 2014, choinnigh an Roinn a tiomantais maidir le cuardaitheoirí poist óga. I mí Eanáir, d'fhoilsigh an Rialtas a phlean chun an tionscadal Ráthaíochta don Aos Óg agus tionscadal Ráthaíochta d'Aos Óg Bhaile Munna (BYG) a chur i bhfeidhm, treoirthionscadal atá maoinithe ag an AE, agus a cuireadh i gcrích i mí na Nollag 2014. Chuir an tsamhail cur chuige gníomhachtaithe chun cinn maidir le riachtanais an duine óig chun tacú leo ar bhealach inmharthana chun fostaíochta. Bhí feidhm leis an tsamhail ar feadh 2014 agus bhí beagnach 700 cuardaitheoir poist óg rannpháirteach sa phróiseas. Déanfar measúnacht ar thorthaí an treoirthionscadail in 2015.

Ar feadh 2014, lean an Roinn ag cabhrú le teaghlaigh ar bhealaí stuama. Gné thábhachtach den straitéis Bealaí chun na hOibre is ea a chinntiú gur fiú do dhuine a dhul ag obair i gcónaí, rud a chuireann deireadh leis an spleáchas fadtéarmach ar leas sóisialach. Rud tábhachtach is ea gur méadaíodh an soláthar le haghaidh na Scéime Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh in 2014, rud a dhaingníonn an tuairim go bhfuil daoine níos fearr as ag obair. Is céim chun cinn é an Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh do dhaoine de réir mar a éiríonn leo dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid oibre, ag cinntiú go bhfuil siad níos fearr as ag obair agus tacaíocht acu a bheith neamhspleách as a gcuid airgid féin ionas go mbeidh siad in ann todhchaí níos fearr a chruthú dá dteaghlaigh.

Léiríonn achtú an Achta um Chlárú Sibhialta (Leasú), 2014 i mí na Nollag na riachtanais atá in Éirinn an lae inniu. San Acht láimhseáiltear clárú "imeachtaí saoil" a bhfuil tábhacht mhór leo cosúil le breitheanna, póstaí, páirtnéireachtaí sibhialta agus básanna. Chomh maith leis sin, foráiltear san Acht go mbeidh sé éigeantach ainm an athar a chlárú ar theastas breithe. Seo é an chéad uair ag an bprionsabal seo a bheith tugtha isteach sa reachtaíocht agus é mar bhonn agus mar thaca ag cearta an linbh faoi reachtaíocht AE rochtain a bheith aige nó aici ar a chuid/cuid sonraí aitheantais. Nuair a bheidh na sonraí iomlána agus cruinne cláraithe nuair a bhéarfar an naíonán bainfidh an leanbh agus glúnta amach anseo an-leas go deo as.

Is mian liom aitheantas a thabhairt agus buíochas a ghabháil le foireann na Roinne as a n-obair chrua agus a dtiomantas ó thaobh seirbhís d'ardchaighdeán a chur ar fáil, arís eile, i mbliana, bliain a raibh éileamh mór orainn. Tagann sraith nua dúshlán in 2015, agus táim muiníneach go n-éireoidh linn na dúshláin sin a comhlíonadh agus leanúint ag cur seirbhís leasa shóisialaigh den chéad scoth ar fáil dóibh siúd atá ag brath air.

Joan Burton

Joan Burton T.D.
An Tánaiste agus an tAire Coimirce Sóisialaí

Réamhrá

Tá an tuarascáil dheiridh ar Ráiteas Straitéise na Roinne 2011 go dtí 2014 le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Le linn thréimhse na straitéise go léir, chuir an Roinn na cuspóirí a leagadh amach i gcrích, rud a chuireann an cliant i gcónaí i gcroílár a cuid seirbhísí agus beartais. D'fhorbraíomar agus thugamar isteach raon scéimeanna agus seirbhísí nua atá dírithe ar dhaoine a chur ar ais ag obair, agus muid ag díriú ag an am céanna ar riachtanais na gcustaiméirí is leochailí atá againn ar fud speictream na scéimeanna agus na seirbhísí reatha.

Le cúpla bliain anuas anois, tá athrú mór millteach tagtha ar an ról atá againn agus ar an éileamh atá ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil. Chuige sin, tá obair leanúnach ag dul ar aghaidh chun an eagraíocht a athrú agus feabhas a chur ar an mbealach a dhéanaimid rudaí. Bíonn mórfhorbairt TFC i gceist leis sin go minic agus caitear athruithe a chur ar an bpróiseas gnó. D'oibrigh foireann na Roinne go dian dícheallach chun athrú a chur i bhfeidhm agus chun seirbhísí a fheabhsú do na daoine a bhíonn ag brath orainn.

Féachann an Roinn le seirbhís den scoth a chur ar fáil do chustaiméirí agus bainimid an úsáid is fearr as na hacmhainní atá ar fáil dúinn. Leanann oiliúint foirne de bheith chun tosaigh inár gcur chuige agus in 2014 thugamar faoi thionscnamh lárnach faoin gclár RCS Amháin Ag Athrú le Chéile, chun cláir foghlama agus forbartha a athbhreithniú agus a athdhearadh don fhoireann a bhfuil róil túslíne acu.

Bhí rialú calaoise agus mí-úsáide fós go láidir ar an gclár oibre againn lena chinntiú go bhfuil muinín ag gach cáiníocóir sna córais a fheidhmímid. I mí Aibreáin, d'fhoilsigh an Roinn a Straitéis Cloí agus Frithchalaoise 2014 – 2018. Faoin straitéis, tugadh isteach córas níos fearr chun fiacha a ghnóthú ar ais agus cuireadh 20 ball den Gharda Síochána ar iasacht chuig Aonad Imscrúdaithe Speisialta na Roinne, chun cur le cumas imscrúdaithe na Roinne chun calaois leasa shóisialaigh a chosc, a bhrath agus a dhíspreagadh.

Ullmhaíodh Ráiteas Straitéise nua 2015 – 2017 chun cabhrú linn, mar eagraíocht mhór, an cúrsa a sheoladh sna 3 bliana amach romhainn. Ní bheidh aon iontas ar aon duine go bhfuil ár n-éiteas fós bunaithe agus dírithe ar an gcliant. Tá an geilleagar ag feabhsú agus leanann an Roinn lena ról féin sa chás sin – le €19 billiún caiteachais againn, is mór an lorg atáimid in ann a fhágáil ar an saol sóisialta agus eacnamaíoch. Is iomaí dúshlán a bheidh romhainn amach anseo lena n-áirítear forchéimniú de réir a chéile ar bheart cáinaisnéise roimhe seo, an bonn custaiméirí atá againn a athraíonn de shíor agus ionchais na sochaí maidir leis an mbealach a dhéanfaimid seirbhísí a chur ar fáil sa todhchaí. Táim muiníneach má thógaimid ar an mbunchloch láidir sin a leagamar síos le blianta beaga anuas, gur maith a bheidh an Roinn in ann na dúshláin atá os ár gcomhair amach a chomhlíonadh.

Ba mhaith liom an deis a thapú chun buíochas a thabhairt as an tacaíocht agus an comhoibriú luachmhar a thug an fhoireann inár n-iarrachtaí leanúnacha seachadadh seirbhísí a fheabhsú. Is trí thiomantas, chomhoibriú agus thionscnaíocht na foirne a d'éirigh leis an Roinn an oiread athruithe dearfacha a chur i bhfeidhm go rathúil i gcórais agus i gcleachtais oibre. Sa deireadh thiar ní bheidh de thoradh ar fheabhsuithe den sórt sin ach seachadadh seirbhíse níos fearr do chustaiméirí uile na Roinne ar a bhfreastalaímid.

Níamh O'Donoghue
Ard-Rúnaí

caibidil 1

AN ROINN: GNÓ AGUS EAGRÚ NA ROINNE

SÚIL SIAR AR 2014

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection
www.welfare.ie

RINNEADH BEAGNACH 85 MILLIÚN ÍOCAÍOCHT SCÉIME TRÍ BHAINC AGUS OIFIGÍ AN PHOIST

D'FHREAGAIR AN ROINN 8.1 MILLIÚN GLAOCH TEILEAFÓIN

EISÍODH BEAGNACH 700,000 CÁRTA SEIRBHÍSE POIBLÍ, SIN 1.12 MILLIÚN LÍON NA GCÁRTAÍ A EISÍODH GO DEIREADH 2014

FUAIR THART AR 4,700 CUSTAIMÉIR TACAÍOCHT TRÍD AN ATHRÚ SIN IN 2014 AGUS D'AISTRIGH SIAD CHUIG ÍOCAÍOCHTAÍ TACAÍOCHTA IONCAIM EILE MAR IS IOMCHUÍ

OS CIONN 60,000 DUINE AG FÁIL ÍOCAÍOCHTA CÚRAMÓRA GACH SEACHTAIN

NATIONAL JOBS WEEK

BHÍ BREIS IS 14,000 CUARDAITHEOIR POIST RANNPHÁIRTEACH IN OS CIONN 170 IMEACHT LE LINN SHEACHTAIN NÁISIÚNTA NA BPOST I MÍ MHEÁN FÓMHAIR

OS CIONN 5,700 IARRATAS AR LIÚNTAS CÚRAMÓRA BAILE IN 2014. 29,000 LEANBH AG FÁIL LIÚNTAS CÚRAMÓRA BAILE FAOI LÁTHAIR

RINNEADH FEIDHMCHLÁR DO CHUARDAITHEOIRÍ POIST LE HAGHAIDH FÓIN CHLISTE AGUS TÁIBLÉAD A ÍOSLÓDÁIL 25,500 UAIR. TUGADH BREIS IS 6 MHILLIÚN CUAIRT AR WWW.WELFARE.IE

RINNE 900 DUINE IONADAÍOCHT AR OS CIONN 756 EAGRAÍOCHT AG 6 CHRUINNIÚ EOLAIS NÁISIÚNTA D'FHOSTÓIRÍ

1,035 SCÉIM FOSTAÍOCHTA POBAIL LE BUISÉAD €353.5 MILLIÚN

BHAIN OS CIONN 11,500 CLIANT LEAS AS ÁITEANNA AR JOBBRIDGE

BHÍ OS CIONN 500,000 DUINE AG FÁIL PINSIN ÓN ROINN. OS CIONN 400,000 AG FÁIL AN PHACÁISTE SOCHAIR TEAGHLAIGH AGUS 800,000 DUINE AG FÁIL SAORTHAISTIL

10144 akgraphics.ie The information contained in this infographic is correct at the time of publication.

An Roinn – A Cuid Gnó agus an Eagraíocht Féin

"Rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí a chur chun cinn trí sholáthar tacaí ioncaim, seirbhísí fostaíochta agus seirbhísí eile."

Príomhfheidhmeanna na Roinne

Tacaíonn an Roinn leis an Aire Coimirce Sóisialaí chun dualgais rialtais, parlaiminte agus roinne a chomhlíonadh.

Is iad príomhfheidhmeanna na Roinne:

- comhairle a chur ar an Rialtas agus beartais iomchuí a leagan amach maidir le cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta;
- Tacaíochtaí ioncaim atá cost-éifeachtúil agus éifeachtach a dhearadh, a fhorbairt agus a sheachadadh, agus seirbhísí gníomhachtaithe agus fostaíochta agus eolas cuimsitheach agus cruinn a thabhairt do chustaiméirí;
- oibriú i dtreo seachadadh réidh seirbhísí a sholáthar i gcomhar le ranna, le gníomhaireachtaí agus le comhlachtaí eile; agus
- calaois agus mí-úsáid a rialú.

Scála Ghnó na Roinne

Freastalaíonn an Roinn ar ghrúpa leathan agus éagsúil cliant lena n-áirítear teaghlaigh, daoine atá fostaithe, daoine dífhostaithe, daoine faoi mhíchumas, cúramóirí, agus daoine scothaosta. Le déanaí anuas, soláthraíonn an Roinn raon seirbhísí d'fhostóirí freisin, grúpa cliant atá níos tábhachtaí anois ná riamh.

Riarann an Roinn os cionn 65 scéim agus seirbhís ar leithligh a mbíonn tionchar acu ar shaol beagnach gach duine sa Stát. I measc na bpríomhsheirbhísí:

- íoctar amach raon leathan scéimeanna tacaíochta ioncaim bunaithe ar árachas sóisialta agus cúnamh sóisialta amhail sochar linbh, íocaíochtaí do chuardaitheoirí poist, sochair bhreoiteachta, pinsin agus liúntais leasa forlíontacha;
- comhtháthú, trí sheirbhísí Intreo, ar sheirbhísí fostaíochta agus ar sheirbhísí íocaíochta sochar, lena chinntiú go bhfuil íocaíocht na dtacaíochtaí ioncaim le daoine a bhfuil post acu nasctha go díreach leis an gcúram atá orthu a bhfuil an tábhacht chéanna leis tacú le daoine agus iad ar thóir fostaíochta, le deiseanna oiliúna agus oideachais d'fhonn a saol a fheabhsú dóibh;
- raon tacaíochtaí fostaíochta a sholáthar, deiseanna intéirneachta,treoir agus seirbhísí socrúcháin chun cabhrú le cuardaitheoirí poist post a aimsiú agus a fháil;
- raon seirbhísí a sheachadadh d'fhostóirí lena n-áirítear seirbhísí earcaíochta, poist a fhoilsiú ar líne, tacaíochtaí fostaíochta (m.sh. scéimeanna fóirdheontais pá do dhaoine faoi mhíchumas) agus seirbhísí iomarcaíochta agus dócmhainneachta;
- raon seirbhísí pobail chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus bealach chun fostaíochta a aimsiú do dhaoine atá dífhostaithe;
- beartais shóisialta iomchuí a fhorbairt i réimsí cosúil le pinsin, tacaíocht ioncaim leanaí, cuardaitheoirí poist agus gníomhachtú; agus
- comhordú ar chur i bhfeidhm straitéisí an rialtais le haghaidh cuimsiú sóisialta faoin

bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta agus Straitéis An Eoraip 2020.

Gach seachtain, faigheann beagnach 1.44 milliún duine íocaíocht leasa shóisialaigh agus, nuair a chuirtear daoine fásta agus leanaí cáilithe san áireamh, ciallaíonn sé go mbaineann beagnach 2.3 milliún duine leas as na híocaíochtaí sin. Faigheann thart ar 615,000 teaghlach íocaíochtaí sochar linbh maidir le beagnach 1.2 milliún leanbh gach mí.

Chaith an Roinn €19.8 billiún (réamh-thoradh) in 2014. I measc ghníomhaíochtaí na Roinne in 2014 bhí siad seo a leanas:

- próiseáladh 1.9 milliún iarratas;
- rinneadh 84.8 milliún íocaíocht scéime;
- rinneadh breis is 1.1 milliún athbhreithniú rialaithe;
- freagraíodh 8.1 milliún glaoch teileafóin;
- cuireadh 31,000 achomharc leasa shóisialaigh i gcrích;
- fógraíodh beagnach 140,000 deis fostaíochta, go náisiúnta;
- roinneadh amach os cionn 172,000 uimhir PSP ar chliaint ó bhreis is 181 tír; agus
- eisíodh beagnach 700,000 Cárta Seirbhíse Poiblí, rud arbh ionann é agus 1.12 milliún Cárta a bhí eisithe go dtí deireadh 2014.

EAGRÚ NA ROINNE

Tá dian-thréimhse atheagraithe agus comhtháthú seirbhísí curtha i gcrích ag an Roinn, agus is ionann an fhoireann bhuan anois agus 6,600, agus faightear isteach foireann shealadach agus foireann ar iasacht ó am go ham.

Riarann oifigí láraithe i roinnt suíomhanna ar fud na tíre gach ceann de scéimeanna fadtéarmacha na Roinne, agus cuid mhaith dá cuid scéimeanna gearrthéarmacha agus tá siad freagrach freisin as raon beartas.

Déantar roinnt seirbhísí corparáideacha a sheachadadh freisin lena n-áirítear Acmhainní Daonna, Buiséad agus Airgeadas, Iniúchadh Inmheánach, Slándáil Faisnéise Gnó mar aon le tacaíocht reachtúil agus comhairle beartais a chur ar fáil don Aire agus don Roinn.

Ina theannta sin, seachadann an Roinn scéimeanna agus seirbhísí go háitiúil trí líonra náisiúnta 123 Ionad Intreo, Oifigí Áitiúla agus Oifigí Brainse.

Déantar seirbhísí áitiúla a bhainistiú trí struchtúr bainistíochta roinne réigiúnaí, atá eagraithe ina dhá réigiún, agus freagracht orthu ar leibhéal Rúnaí Cúnta, agus ag cuimsiú 13 limistéar roinne. Tá bainisteoir roinne i gceannas ar gach rannán, agus é freagrach as seachadadh laethúil seirbhísí áitiúla chun tacaíochtaí ioncaim agus seirbhísí fostaíochta a sholáthar ar fud an líonra de Ionaid Intreo, Oifigí Áitiúla agus Oifigí Brainse.

13 Rannán Réigiúnacha na Roinne

Déanann Oifig an Ard-Chláraitheora (GRO) bainistiú ar an tSeirbhís um Chlárú Sibhialta a éascaíonn clárú breitheanna, marbhbhreitheanna, uchtuithe, pósta, páirtnéireachtaí sibhialta agus básanna sa Stát. Soláthraítear an tSeirbhís um Chlárú Sibhialta ó lá go lá trí líonra d'oifigí seirbhíse um chlárú sibhialta áitiúla ar fud an Stáit. Feidhmíonn an GRO freisin saoráid taighde ginealaigh.

Tá an Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh agus an Binse Leasa Shóisialaigh freagrach go neamhspleách astu féin as achomhairc i gcoinne cinntí maidir le teidlíochtaí leasa shóisialaigh agus inárachaitheacht fostaíochta a chinneadh.

Is é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (CIB) an ghníomhaireacht náisiúnta a bhfuil sé de chúram uirthi faisnéis, comhairle agus tacaíocht a thabhairt maidir le seirbhísí sóisialta trí Sheirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh (CIS) agus an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS) a sholáthar.

Soláthar an tÚdarás Pinsean faisnéis, rialachán agus rialachas maidir le pinsin cheirde agus phríobháideacha.

Cuireann an Chomhairle Pinsean comhairle ar an Aire faoi chúrsaí a bhaineann le pinsin, agus dírítear go háirithe ar bheartais chun tacú le hinbhuanaitheacht agus leordhóthanacht an tsoláthair pinsin sa todhchaí.

Déanann Oifig an Ombudsman Pinsean imscrúdú neamhspleách agus cinneadh maidir le gearáin agus díospóidí ó dhaoine aonair maidir lena scéimeanna pinsean ceirde agus príobháideach i gcás ina dtarlaíonn míriarachán agus caillteanas airgid.

ÉACHTAÍ MÓRA AGUS PRÍOMHFHORBAIRTÍ IN 2014

Intreo

Leanadh de fhorchéimniú na seirbhíse Intreo in 2014 agus bhí 46 ionad Intreo oscailte faoi dheireadh na bliana ag tabhairt seirbhíse tacaíochta fostaíochta agus ioncaim mar chineál 'ionad ilfhreastail' comhtháite do chuardaitheoirí poist. Déantar comhtháthú sna hionaid sin ar na trí sheirbhís ar leithligh a bhí ann roimhe sin á soláthar ag an tSeirbhís Leasa Pobail, ag seirbhísí fostaíochta FÁS agus ag oifigí áitiúla Coimirce Sóisialaí mar a bhí roimhe seo agus, chomh maith leis sin, tugann siad seirbhís earcaíochta d'fhostóirí.

Mar thoradh ar chomhtháthú agus ar athdhearadh na trí sheirbhís ar leithligh tá laghduithe suntasacha déanta ar an tréimhse próiseála éileamh (ó bhreis is trí seachtaine go dtí thart ar 1 seachtain) agus ní thógann sé chomh fada duine a chur ar an liúntas leasa forlíontach mar thacaíocht ioncaim 'chun an bhearna a líonadh'.

Tá caighdeán agus líon na seirbhísí do chuardaitheoirí poist méadaithe go mór freisin. I rith 2014 chuir an Roinn próiseas i gcrích chun próifíliú a dhéanamh ar gach Cuardaitheoir Poist ar an mBeochlár, thug sí seisiúin Faisnéise Grúpa do 186,000 cuardaitheoir poist (suas ó 122,000 in 2013) agus bhí os cionn 330,000 cruinniú pearsanta acu le cliaint – suas ó 290,000 in 2013.

Scéim Ráthaíochta don Aos Óg

Foilsíodh Plean Feidhmithe um Ráthaíocht don Aos Óg i mí Eanáir 2014 mar chuid den straitéis fhoriomlán *Bealaí chun na hOibre.* Taobh istigh den chreat sin, leagann an Ráthaíocht don Aos Óg síos cuspóir meántéarmach lena chinntiú go bhfaigheann daoine óga tairiscint fostaíochta ceithre mhí ó bhíonn siad dífhostaithe ar dtús.

Is é príomhaidhm na ráthaíochta cúnamh a thabhairt do dhaoine óga post buan a aimsiú agus a fháil agus aon duine nach n-aimsíonn post tugtar tairiscintí breise dó nó di. I measc na dtairiscintí sin in 2014 (os cionn 70%) bhain siad le breisoideachas nó oiliúint agus bhain cuid eile le cláir fostaíochta sa phobal, cosúil le Fostaíocht Pobail (CE), Gateway agus Tús, nó tríd an bhfóirdheontas fostaíochta JobsPlus le haghaidh fostaíocht phríobháideach.
Oibríonn an Ráthaíocht don Aos Óg ar chláir reatha, agus athruithe breise á ndéanamh orthu atá deartha chun:

- labhair níos túisce agus níos gasta le daoine óga trí sheirbhísí Intreo;
- áiteanna a choimeád ar chláir reatha do dhaoine óga atá dífhostaithe go fadtéarmach cheana féin;
- cláir / tairiscintí éagsúla a fhorbairt, atá leagtha amach go speisialta chun freastal ar

riachtanais daoine óga dífhostaithe, lena n-áirítear:

- roghanna nua don chohórt daoine is mó faoi mhíbhuntáiste faoi chlár intéirneachta JobBridge;
- roghanna nua faoi scéim fóirdheontais earcaíochta JobsPlus chun dlús a chur faoi dhaoine óga ag tosú ag obair;
- tacaíochtaí fiontraíochta chun cabhrú le daoine óga a gcuid gnóthaí féin a chur ar bun; agus
- tacaíochtaí breise do dhaoine óga atá ag gabháil don *tionscnamh Do Chéad Phost* de chuid EURES.

An Tánaiste agus an tAire Coimirce Sóisialaí Joan Burton T.D, an tAire Stáit Kevin Humphreys T.D. agus Tony Keohane Cathaoirleach Tesco ag Seoladh Chairt Ghníomhaithe Fostaíochta agus Óige, i Meán Fómhair 2014

B'éigean faoi roinnt de na tionscnaimh a bhí beartaithe faoin Ráthaíocht reachtaíocht phríomha a rith chun idirdhealú dearfach ar fhorais aoise a cheadú i soláthar seirbhísí agus tacaíochtaí fostaíochta. Achtaíodh an reachtaíocht sin i rith na bliana. Soláthraíodh os cionn 28,000 áit do dhaoine óga dífhostaithe le linn 2014 i dtionscnaimh faoin Ráthaíocht don Aos Óg (ní áirítear sa bhfigiúr sin áiteanna printíseachta agus áiteanna Iar-Ardteistiméireachta). Ag deireadh na bliana, bhí thart ar 21,000 duine tar éis áit a ghlacadh.

Díbhinn don Teaghlach de bharr Filleadh ar an Obair

Fógraíodh i gCáinaisnéis 2015 an scéim um Díbhinn don Teaghlach de bharr Filleadh ar an Obair (BTWFD), a thugann tacaíocht airgeadais do chuardaitheoirí poist agus do fhaighteoirí as teaghlaigh aontuismitheora a bhfuil leanaí acu, a chuireann deireadh lena n-éileamh chun post a ghlacadh, a gcuid uaireanta fostaíochta a mhéadú nó chun tabhairt faoi fhéinfhostaíocht.

Faoin scéim, i gcás ina gcomhlíonann iarratasóirí critéir incháilitheachta na scéime, tá siad i dteideal íocaíocht sheachtainiúil suas le 2 bhliain tar éis dá n-éileamh leasa shóisialaigh dul in éag. Beidh an íocaíocht sheachtainiúil ar choibhéis le haon mhéadú(uithe) do leanbh(leanaí) incháilithe atá ag fáil íocaíochta ar a n-íocaíocht cuardaitheora poist nó teaghlach aontuismitheora (suas go dtí uasmhéid 4 leanaí) sa chéad bhliain fostaíochta. Íocfar leath de sin gach seachtain sa dara bliain.

Ráiteas Straitéise 2015 – 2017

Ag teacht le soláthar an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, cuireadh Ráiteas Straitéise nua faoi bhráid an Aire faoi dheireadh mhí na Nollag 2014. Is mar thoradh ar sraith comhairliúchán a cuireadh an ráiteas le chéile chun tuairimí a fháil ar aon saincheisteanna straitéiseacha agus tras-rannacha ar chóir dul i ngleic leo. Tugadh cuireadh dá réir sin do Chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta, do Ranna Rialtais eile, do Ghníomhaireachtaí faoi shainchúram DSP, don phobal agus d'fhoireann na Roinne, mar aon le hionadaithe Ceardchumainn, a gcuid tuairimí a chur isteach maidir leis sin.

S'éa an naoú Ráiteas Straitéise na Roinne an misean, agis leagtar amach na cuspóirí ardleibhéil agus na príomh-ghníomhaíochtaí a dtabharfar fúthu chun na beartais agus na tosaíochtaí atá leagtha síos ag an Tánaiste agus ag an Aire Coimirce Sóisialaí agus ag an Rialtas, le haghaidh na tréimhse 2015 – 2017 a sheachadadh.

Reachtaíocht

- **An tAcht um Chlárú Sibhialta (Leasú), 2014 (Uimh. 34 de 2014)**
  Foráiltear san Acht um Chlárú Sibhialta (Leasú), 2014 arna achtú i mí na Nollag le haghaidh raon leathan athruithe a bhaineann le clárú ócáidí saoil sa Stát.

  Is iad príomhghnéithe an Achta ná:
  - forálacha atá dírithe ar phósadh ar mhaithe le caoithiúlacht agus páirtnéireachtaí sibhialta ar mhaithe le caoithiúlacht a stopadh;
  - bás daoine arbh as Éirinn dóibh a thaifeadadh, a raibh gnáthchónaí orthu sa Stát, ach a fuair bás fad is a bhí siad thar lear go gearrthéarmach;
  - i gcásanna ina gcláraítear breitheanna lasmuigh den phósadh, an fhoráil éigeantach go gcaitear faisnéis a thabhairt maidir leis an athair, seachas i gcúinsí eisceachtúla;
  - bailíochtú siarghabhálach ar phóstaí agus ar pháirtnéireachtaí sibhialta a tharla in ambasáidí coigríche nó i misin dhaonlathacha in Éirinn agus atá fós ann;
  - faisnéis a roinnt le Ranna Rialtais eile agus a gcuid gníomhaireachtaí,
  - taifid bhreithe, phóstaí agus bháis áirithe a fhoilsiú ar líne chun críocha cúrsaí ginealais; agus
  - básanna nuabhreithe luath a thuairisciú.

- **Árachas Sóisialach le haghaidh Céilí Féinfhostaithe**
  Ó 2014 i leith, is féidir le céilí agus páirtnéirí sibhialta daoine féinfhostaithe a thugann cúnamh dá gcéile/páirtnéir sibhialta ach nach fostaithe nó comhpháirtithe gnó leo iad, cáiliú chun íocaíochtaí ÁSPC a dhéanamh mar oibrithe féinfhostaithe.

  Roimh 2014, bhí an grúpa sin de 'céilí/páirtnéirí sibhialta cuiditheacha' fágtha amach as árachas sóisialach agus ní raibh siad in ann íocaíochtaí ÁSPC a dhéanamh mar oibrithe féinfhostaithe. Rinneadh an t-athrú mór sin mar gheall ar fhorálacha árachais shóisialaigh a raibh tionchar acu ar chéilí nó ar pháirtnéirí sibhialta oibrithe féinfhostaithe, mar atá i dTreoir 2010/41 ón AE.

- **An Bille um Inscne a Aithint**
  Foilsíodh an Bille um Inscne a Aithint 2014 i mí na Nollag. Foráiltear sa Bhille, trí dheimhniú um inscne a aithint arna eisiúint ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, chun aitheantas dlíthiúil a thabhairt don inscne roghnaithe de dhaoine trasinscne atá 16 bliana agus os a chionn agus nach bhfuil pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta.

  Beidh feidhm leis an aitheantas sin le haghaidh gach cineál gníomhaíochta, lena n-áirítear déileálacha leis an Stát agus comhlachtaí poiblí, agus le haghaidh na sochaí sibhialta agus tráchtála. Duine a fhaigheann aitheantas as inscne roghnaithe beidh sé i dteideal duine de ghnéas eile a phósadh nó páirtnéireacht shibhialta a chur ar bun le duine den ghnéas céanna. Beidh an duine in ann teastas breithe nua a fháil ina léirítear an inscne roghnaithe agus an t-ainm nua (ainmneacha) (má athraíodh an t-ainm (ainmneacha) freisin) áit a bhfuil an bhreith cláraithe in Éirinn.

  Beidh gach ceart, freagracht agus iarmhairt gníomhaíochtaí an duine ina mbun-inscne roimh dháta an aitheantais fós mar a bhí.

  Tabharfar an Bille isteach san Oireachtas go luath in 2015.

- **Aighneachtaí chuig an Oireachtas faoi Acht an Aontais Eorpaigh (Grinnscrúdú), 2002**
  De réir na gceanglas reachtúil, cuireadh dhá Nóta Faisnéise maidir le tograí an AE a raibh tionchar acu ar an Roinn isteach chuig an Oireachtas mar seo a leanas:

  - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

gComhairle d'fhonn rochtain oibrithe chuig seirbhísí tacaíochta soghluaisteachta saothair laistigh den AE a fheabhsú, tacú le soghluaisteacht chothrom agus rochtain a mhéadú ar dheiseanna fostaíochta ar fud an Aontais. Is é aidhm an togra an líonra EURES a fheabhsú.

- Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa d'fhonn foráil le haghaidh rialachais níos déine agus trédhearcacht soláthar pinsin, an soláthar a shíneadh maidir le scéimeanna trasteorann agus ról an mhaoirseora pinsin a neartú.

- **Coinníoll maidir le Gnáthchónaí**
  Leasaíodh Alt 246 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 ina bhforáiltear don choinníoll maidir le gnáthchónaí ar scéimeanna áirithe, san Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2014.

  Baineann an leas amach forálacha iomarcaíochta, agus éilítear go mbeidh gnáthchónaí ar éilitheoirí na scéimeanna sin ag gach céim le linn thréimhse an éilimh. Rinneadh mionleasuithe eile mar léiriú ar athruithe sa reachtaíocht arna bhfógairt ag Ranna eile.

Cuimsiú Sóisialta

- **An Tuarascáil Shóisialta Náisiúnta**
  Foilsíodh Tuarascáil Shóisialta Náisiúnta na hÉireann 2014[1], ceanglas tuairiscithe maidir le beartas sóisialta de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, i mí Aibreáin.

  Dírítear sa Tuarascáil ar bheartais Rialtas na hÉireann a bhaineann le cosaint shóisialta, cuimsiú sóisialta, cúram sláinte agus cúram fadtéarmach. Tá na beartais ceangailte leis na beartais eacnamaíocha agus fostaíochta níos leithne agus leis na spriocanna ardleibhéil atá leagtha amach i gClár Athchóirithe Náisiúnta na hÉireann agus faigheann siad tacaíocht uathu sin. Tugtar cuntas sa Tuarascáil ar phríomhleasuithe sna réimsí sin, i ndiaidh dul i gcomhairle le 50 ionadaí de pháirtithe leasmhara náisiúnta, mar aon le hionadaithe ó Ranna agus ó Ghníomhaireachtaí Rialtais.

- **An Tuarascáil um Chuimsiú Sóisialta**
  D'ullmhaigh an Roinn nuashonrú ar ranníocaíocht na hÉireann do sprioc bochtaineachta an AE le haghaidh *an Chláir Athchóirithe Náisiúnta (NRP) 2014* faoin Straitéis Eoraip 2020. Tá an NRP ar fáil ar shuíomh Gréasáin Roinn an Taoisigh[2].

- **Taighde ar Bhochtaineacht agus ar Eisiamh Sóisialta**
  In 2014, d'fhoilsigh an Roinn páipéar teicniúil ar *Treochtaí i mBrú Eacnamaíoch agus an Ghéarchéim Mhór in Éirinn: Anailís ar Suirbhé CSO maidir le hIoncam agus Riochtaí Maireachtála (SILC) (Trends in Economic Stress and the Great Recession in Ireland: An Analysis of the CSO Survey on Income and Living Conditions).* Tá an páipéar sin ann de bharr chlár taighde na Roinne leis an ESRI maidir leis an anailís agus an mhonatóireacht a rinneadh ar bhochtaineacht agus ar chuimsiú sóisialta.

  Forbraítear beart um bhrú eacnamaíoch sa pháipéar chun an t-athrú ar rathúnais eacnamaíocha theaghlaigh Éireannacha thar an tréimhse 2004 go dtí 2011 a léiriú. Téann sé thar ioncam, chun rudaí cosúil le fiachas agus costais tithíochta a chur san áireamh, agus na deacrachtaí agus an brú a bhaineann le hioncam teaghlaigh laghdaithe a bhainistiú. Déantar scrúdú sa pháipéar ar threochtaí i mbrú eacnamaíoch thar thréimhse ama agus déantar machnamh ar conas a scaipeadh é thar ghrúpaí socheacnamaíocha éagsúla, go háirithe thar

[1] http://www.welfare.ie/en/downloads/Ireland-National-Social-Report-2014.pdf

[2] http://www.taoiseach.gov.ie/eng/Work_Of_The_Department/Economic_International_Northern_Ireland/Economic/NRP/National_Reform_Programme_2014.pdf

aicmí ioncaim, aicmí sóisialta agus thar thréimhse saoil.

Cuireadh an páipéar faoi bhráid seimineár ESRI san Aibreán agus faoi bhrí Fhoghrúpa den Choiste Coimirce Sóisialaí den Choimisiún Eorpach i mí an Mheithimh. Tá an páipéar teicniúil ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne[3].

- **Monatóireacht ar Chuimsiú Sóisialta 2012**

  Déantar tuairisciú sa Mhonatóireacht ar Chuimsiú Sóisialta 2012[4], a foilsíodh i Meán Fómhair 2014, ar dhul chun cinn i dtreo na sprice sóisialta náisiúnta agus chúnamh na hÉireann do sprioc bochtaineachta Eoraip 2020. Déantar tuairisciú ann freisin ar an sprioc bochtaineachta nua a bhaineann go sonrach le leanaí agus a d'fhógair an Rialtas san Aibreán.

  Áirítear leis an monatóireacht táscairí tacaíochta a théann i ngleic le gnéithe den bhochtaineacht agus táscairí comhthéacsúla a bhaineann le saolré agus le grúpaí leochaileacha.

  Is é seo dara heagrán na Monatóireachta, agus é bunaithe go príomha ar staitisticí ón Suirbhé 2012 ar Ioncam agus Riochtaí Maireachtála (SILC), a rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh. Tá léargais nua ann freisin maidir leis an mbochtaineacht, ag obair ar thaighde a rinneadh thar ceann na Roinne; anailís ar leithdháileadh spásúil na bochtaineachta; agus sonraí breise maidir le grúpaí sóisialta difriúla agus ar tháscairí um chuimsiú sóisialta.

- **An Fóram ar Chuimsiú Sóisialta 2014**

  Thionóil an Roinn an 10ú Fóram ar Chuimsiú Sóisialta de pháirtithe leasmhara na hÉireann chun dul i ngleic le bochtaineacht agus le cuimsiú sóisialta i mí Aibreáin 2014.

  Bhí daoine a bhfuil an bhochtaineacht ag cur isteach orthu in Éirinn faoi láthair rannpháirteach i gceithre phlé ceardlainne ar an téama *Fás Uilechuimsitheach - Éire Níos Cothroime a Thógáil.* Aibhsítear sa tuarascáil ar an bhFóram na téamaí coiteanna atá le tabhairt faoi deara sna ceardlanna go léir, agus áirítear ann roinnt moltaí uileghabhálacha a chuirtear os comhair lucht déanta beartas. Tá cóip de Thuarascáil an Fhóraim ar Chuimsiú Sóisialta 2014 ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne[5]

- **Grúpa Comhairleach maidir le Cáin agus Leas Sóisialach**

  Cuireadh clár oibre an Ghrúpa Chomhairligh maidir le Cáin agus Leas Sóisialach i gcrích, agus mar thoradh air cuireadh aighneacht chuig an Aire maidir le tuarascáil dheiridh an Ghrúpa ar thacaíochtaí aois oibre.

  Déantar scrúdú sa tuarascáil seo ar an idirghníomhú idir na córais chánach agus leasa shóisialaigh, chun fáil amach conas is fearr a éireoidh leis an gcóras leasa shóisialaigh a sprioc a bhaint amach tacú le daoine trí thréimhsí dífhostaíochta ainneonaí, agus ag an am céanna obair a dhreasú agus spleáchas ar leas sóisialach a dhíspreagadh.

  Cuirfear torthaí na Tuarascála san áireamh i gcomhthéacs comaoineacha buiséadacha agus fioscacha sa todhchaí.

[3] http://www.welfare.ie/en/downloads/Trends-in-Economic-Stress-and-the-Great-Recession-in-Ireland.pdf
[4] http://www.welfare.ie/en/downloads/SIM2012.pdf
[5] http://www.welfare.ie/en/downloads/Report-of-Social-Inclusion-Forum-2014.pdf

AN BORD BAINISTÍOCHTA 2014

Líne cúil, ó chlé go deas: John Conlon, Tim Duggan, Helen Faughnan, John McKeon, Teresa Leonard, Mick Bunyan, Kathleen Stack, Oliver Egan

Chun tosaigh, clé go deas: Patricia Murphy, Anne Vaughan, Niamh O'Donoghue, Clem Leech, Geraldine Gleeson, Simonetta Ryan.

caibidil 2

2014 I GCOMHTHÉACS

2014 i gComhthéacs

Neartaíodh téarnamh na hÉireann in 2014, tharla fás geilleagrach suntasach agus tháinig ardú ag an am céanna ar líon na ndaoine atá ag obair agus tháinig feabhas leanúnach ar an airgead poiblí. Is cosúil go leanfar den rath sin in 2015.



Cairt 1: Athrú bliantúil ar OTI, fostaíocht agus ar meántuilleamh

Olltáirgeacht Intíre (OTI)

In 2014, d'fhás OTI na hÉireann thart ar +4.8% i dtéarmaí réadacha, rud a chiallaíonn go bhfuil sé ar an ngeilleagar is mó fáis san AE anois. Táthar ag súil go leanfaidh an téarnamh leathan-bhunaithe sin in 2015, agus meastar go sroichfidh fás OTI +4%.

Fostaíocht, Tuilleamh agus Dífhostaíocht

Ag deireadh 2014, tháinig méadú go dtí 1,938,900 ar líon na ndaoine ag obair– méadú bliain ar bhliain de +1.5% nó +29,100, rud a d'fhág gurb é an leibhéal fostaíochta is airde é a taifeadadh le cúig bliana.

Bhí méadú 2014 i bhfostaíocht lánaimseartha fós níos mó, ag +39,600 nó +2.7%. Ag an am céanna, ina gcás siúd a bhí fostaithe, d'fhás an meántuilleamh seachtainiúil de +2.3%.

Meastar go leanfaidh an treocht dhearfach sin in 2015.

Ag teacht leis an bhfás láidir sin ar fhostaíocht, chonacthas laghdú -15.6% ar dhífhostaíocht caighdeánaithe atá coigeartaithe go séasúrach in 2014 go dtí 213,600 nó 10.4% den lucht oibre. Léiríonn sé sin titim aon trian ón ráta dífhostaíochta 15% a bhí ann ag buaic na géarchéime eacnamaíche in R1 2012. Tá an ráta dífhostaíochta atá coigeartaithe ar bhonn séasúrach tite anois thar dheich ráithe as a chéile, agus meastar go dtitfidh sé faoi bhun 9% faoin mbliain 2016.

Airgead Poiblí

D'fheabhsaigh Easnamh an Rialtais Ghinearálta go suntasach in 2014 go dtí -4.1% de OTN, i gcomparáid le -5.8% in 2013. Táthar ag súil go mbeidh Easnamh 2015 níos ísle ná teorainn Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach an AE de -3% de OTI den chéad uair ó 2007 i leith.



Cairt 2: Ioncam agus caiteachas an Rialtais Ghinearálta in aghaidh ioncam agus caiteachas na Roinne Coimirce Sóisialaí 2007 – 2014

Treocht fhadtéarmach i líon na bhfaighteoirí Leasa Shóisialaigh

Cé gur laghdaíodh líon na ndaoine atá ag fáil tacaíochtaí ioncaim de bharr dífhostaíochta mar thoradh ar an bhfeabhas le déanaí i bhfeidhmiú ár ngeilleagair, ciallaíonn athruithe déimeagrafacha níos leithne go leanann na héilimh ar sheirbhísí na Roinne ag fás. Mar shampla ó 2000 i leith rannchuidigh méaduithe ar líon na ndaoine scothaosta inár sochaí le méaduithe 58% agus 65% faoi seach ar líon na ndaoine atá ag fáil íocaíochtaí pinsin agus míchumais, agus ansin ar an taobh eile den speictream mar thoradh ar an ráta breithe sách ard atá anseo i gcomparáid le tíortha eile san Eoraip tá méadú 20% feicthe ar líon na ndaoine atá ag fáil íocaíochtaí do leanaí. Is dóigh go rachaidh na brúnna déimeagrafacha sin chun treise blianta amach anseo de réir mar a théann treochtaí le déanaí in imirce an treo eile agus filleann an tír ar imirce isteach iomlán.



Cairt 3: Treocht fhadtéarmach i líon na bhfaighteoirí Leasa Shóisialaigh, 2000 – 2014

An Sprioc Shóisialta Náisiúnta chun Bochtaineacht a Laghdú

Déanann an Mhonatóireacht ar Chuimsiú Sóisialta 2013 monatóireacht ar dhul chun cinn i dtreo na sprice sóisialta náisiúnta atá bunaithe ar Suirbhé na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) maidir le Dálaí Ioncaim agus Maireachtála 2013. Fuarthas amach gur thit an ráta atá i mbaol bochtaineachta den chéad uair le trí bliana, mar a rinne an baol bochtaineachta daingnithe, rud a dheimhníonn feabhsuithe i ndáiríre in ioncam na dteaghlach is boichte. Thug aistrithe sóisialta (gan pinsin san áireamh) beagnach ceathrú den daonra atá os cionn na tairsí atá i mbaol bochtaineachta amach as bochtaineacht, rud dá réir sin a bhain ráta laghdaithe bochtaineachta d'os cionn 60 faoin gcéad amach, an ráta is airde san Eoraip.

Mhéadaigh an bunráta díothachta go dtí os cionn 30 faoin gcéad de réir mar a bhí teaghlaigh ag streachailt le hoidhreacht na géarchéime eacnamaíche, a bhí ar bun ar feadh cúig bliana in 2013. Tháinig méadú imeallach ar bhochtaineacht leanúnach go dtí 8.2 faoin gcéad, agus chruthaigh sé sin bearna de cheithre phointe céatadáin a thabharfar le chéile chun an sprioc bochtaineachta eatramhach a chomhlíonadh faoi 2016. Bhí méadú ar bhochtaineacht leanúnach i measc leanaí go dtí os cionn 11 faoin gcéad. Éilítear leis an sprioc bochtaineachta leanaí go dtabharfar 100,000 leanbh amach as an mbochtaineacht faoi 2020. D'fhan neamhionannas ioncaim mar a chéile tríd is tríd, agus thit an bhochtaineacht ag an obair de phointe céatadáin amháin go dtí 5 faoin gcéad. Cé go bhfuil na leibhéil is airde de bhochtaineacht chomhsheasmhach i réigiún na Teorann, an Oirdheiscirt agus an Iarthair (idir 9 agus 18 faoin gcéad), i dtéarmaí foriomlána níl an bhochtaineacht cruinnithe ar bhonn spásúlachta.

CAITEACHAS 2014 AGUS 2015

Tá foráil san Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe 2015 (REV) le haghaidh caiteachas €19.38 billiún ar gach scéim, seirbhís agus riar na Roinne. Léirítear sa leithdháileadh sin treochtaí réamh-mheasta i líon na bhfaighteoirí agus i luachanna íocaíochta in 2015, mar aon leis an tionchar a bhí ag feabhsuithe a fógraíodh mar chuid de Cháinaisnéis 2015.

Tá caiteachas na Roinne scaipthe amach thar seacht réimse cláir, mar seo a leanas:

Miondealú ar Chaiteachas	Toradh Sealadach 2014	REV 2015	Céatadán den Chaiteachas Iomlán in REV 2015
	€m	€m	%
Riarachán	563	617	3.2%
Pinsin	6,592	6,676	34.4%
Tacaíochtaí Ioncaim - Aois Oibre	4,928	4,288	22.1%
Tacaíochtaí Fostaíochta - Aois Oibre	1,033	1,091	5.6%
Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí	3,435	3,413	17.6%
Leanaí	2,281	2,426	12.5%
Íocaíochtaí Forlíontacha, Seirbhísí Gníomhaireachtaí agus Seirbhísí Ilghnéitheacha	933	867	4.5%
Caiteachas Iomlán	19,765	19,378	-

Tábla 1: Caiteachas Iomlán na Roinne de réir Cláir, 2014 agus 2015



Cairt 4: Caiteachas na Roinne de réir Cláir, 2015

CÁINAISNÉIS 2015

In 2014, chuir an Roinn Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas i gcrích maidir leis an tréimhse 2015 go dtí 2017[6], d'fhonn treoir a thabhairt do chomaoineacha an Rialtais le haghaidh Cáinaisnéis 2015.

Tar éis Cáinaisnéis 2015, leanfaidh infheistíocht i gcoimirce sóisialach ag cur rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí chun cinn trí sholáthar tacaí ioncaim, seirbhísí fostaíochta agus seirbhísí eile. Coinníodh gach íocaíocht agus taca leasa shóisialaigh ag leibhéil 2014 le haghaidh 2015. Ina theannta, ba é Cáinaisnéis 2015 an chéad Cháinaisnéis le roinnt blianta anuas ina raibh scóip éigin feabhsuithe spriocdhírithe a thabhairt isteach le haghaidh faighteoirí leasa shóisialaigh.

Bhí ceithre phríomhchuspóir leis na tionscnaimh sin sa Cháinaisnéis:

- an staid airgeadais a fheabhsú do theaghlaigh leochaileacha atá ag brath ar íocaíocht leasa shóisialaigh fhadtéarmach;
- cúnamh a thabhairt do theaghlaigh dífhostaithe a bhfuil leanaí acu chun filleadh ar an obair trí thacaíocht airgeadais leanúnach a chur ar fáil;
- cabhrú le gach teaghlach sa Stát leis an gcostas a bhaineann le leanaí a thógáil; agus
- a aithint go bhfuil brú breise ar phinsinéirí agus ar dhaoine faoi mhíchumas atá ina gcónaí leo féin.

Bónas na Nollag

- Tugadh cuid de Bhónas na Nollag, ar cuireadh deireadh leis in 2009, ar ais in 2014. Íocadh Bónas 25% sa chéad seachtain de mhí na Nollag le os cionn 1.2 milliún faighteoir leasa shóisialaigh cosúil le pinsinéirí, daoine faoi mhíchumas, cúramóirí, tuismitheoirí aonair agus daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach.

Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Obair

- Tiocfaidh scéim um *Díbhinn don Teaghlach de bharr Filleadh ar an Obair* i bhfeidhm i mí Eanáir 2015. Cuirfidh an scéim ar chumas cuardaitheoirí poist fadtéarmacha a bhfuil leanaí acu, a fhágann an córas leasa shóisialaigh chun filleadh ar an obair, chun an chuid a bhaineann le leanaí dá n-íocaíocht leasa shóisialaigh a choimeád ar bhonn barrchaolaithe thar dhá bhliain. Áirítear leis sin daoine a chuireann tús lena ngnó féin nó atá féinfhostaithe. Beidh feidhm leis freisin i gcás faighteoirí Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a fhilleann ar obair arís. Beidh luach €1,550 in aghaidh an linbh ag gabháil leis an scéim sa chéad bhliain fostaíochta nó féinfhostaíochta agus leath na méide sin sa dara bliain.

- Dúblófar líon na bhfostaithe a gheobhaidh tacaíocht tríd an scéim JobsPlus, a thugann dreasacht airgeadais d'fhostóirí a earcaíonn daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach ón mBeochlár, ó 3,000 go 6,000. Féadfaidh fostóirí suas le €10,000 i ndeontais airgid míosúla a fháil thar dhá bhliain maidir le gach fostaí incháilithe.

Teaghlaigh a bhfuil Leanaí acu

- Méadaíodh Sochar Leanaí ó €130 go dtí €135 sa mhí in aghaidh an linbh agus rachaidh sé chun tairbh os cionn 611,000 teaghlach ina bhfuil leanaí.

- Méadaíodh €2 mhilliún go dtí €39 milliún ar an maoiniú le haghaidh clár na mBéilí Scoile le haghaidh 2015.

Daoine scothaosta agus Daoine faoi Mhíchumas

- Cuireadh méadú €1.30 go dtí €9 sa tseachtain ar an Méadú um Mhaireachtáil Aonair, a íoctar le pinsinéirí agus le daoine faoi mhíchumas atá ina gcónaí in aonair.

[6] http://www.per.gov.ie/wp-content/uploads/Social-Protection-CRE-Submission.pdf

Measúnú ar an Tionchar Sóisialta

Is modh fianaise-bhunaithe é measúnú ar an tionchar sóisialta ina meastar na héifeachtaí dáileacháin is dóigh a bheidh ag beartais leasa agus chánach ar ioncam teaghlaigh agus ar ghrúpaí sóisialta. Tacaíonn sé le cur i bhfeidhm na sprice sóisialta náisiúnta chun bochtaineacht a laghdú, is é sin bochtaineacht leanúnach a laghdú go dtí 4% faoi 2016 agus go dtí 2% nó níos lú faoi 2020.

D'ullmhaigh an Roinn a measúnú ar an tionchar sóisialta maidir leis na príomhbhearta leasa agus cánach le haghaidh 2015, lena n-áirítear an muirear nua uisce. Tá sé i gceist go gcuideodh an measúnú leis an tuiscint atá ag an bpobal ar thionchar an bheartais bhuiséadaigh.

Ba é príomhthoradh an mheasúnaithe ná den chéad uair ón ngéarchéim eacnamaíoch, go dtiocfaidh méadú 0.7 faoin gcéad (coibhéiseach le beagnach €6 in aghaidh na seachtaine) ar ioncaim teaghlaigh ar an meán de bharr beartais chánach leasa agus ioncaim. Faightear amach sa mheasúnú go leanann aistrithe sóisialta ag feidhmiú go láidir chun an bhochtaineacht a laghdú.

Tá an tuarascáil ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne[7].

[7] http://www.welfare.ie/en/Pages/SocialImpact2015.aspx

CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA NA ROINNE 2011 – 2014

I Ráiteas Straitéise 2011 – 2014[8]leagtar amach an creat chun soláthar seirbhíse comhtháite, dírithe ar ghníomhachtú a dhéanamh den Roinn a chuireann ár gcliaint i gcroílár ár gcuid oibríochtaí go léir.

Sainaithnítear ann trí chuspóir straitéiseacha don Roinn sa tréimhse ionas go mbeidh sí in ann a cuspóir foriomlán a bhaint amach:



Seirbhísí agus Beartais na Roinne
Cuspóir 1: An Cliant a Chur Chun Tosaigh i gCroílár Seirbhísí agus Polasaithe

Éifeachtúlacht agus Éifeachtacht
Cuspóir 2: Éifeachtúlacht agus Éifeachtacht Costas a Thiomáint

Acmhainní Oibríochta
Cuspóir 3: An Fhoireann, Struchtúir agus Próisis a Fhorbairt

Tugtar cuntas sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar an dul chun cinn a rinne an Roinn in 2014 i dtreo sheachadadh na gcuspóirí sin.

[8] http://www.welfare.ie/ga/downloads/strat1114.pdf

caibidil 3

SEIRBHÍSÍ AGUS BEARTAIS NA ROINNE
CUSPÓIR 1 ~ AN CLIANT A CHUR CHUN TOSAIGH I GCROÍLÁR SEIRBHÍSÍ AGUS POLASAITHE

RÉAMHRÁ

Áirítear tiomantas i gCuspóir 1 de Ráiteas Straitéise 2011 – 2014 na Roinne an cliant a chur i gcroílár a cuid seirbhísí agus beartais d'fhonn iad seo a leanas a chur ar fáil:

- seirbhísí dírithe ar an gcliant;
- rátaí bochtaineachta níos ísle;
- feabhas ar infhostaitheacht agus rannpháirtíocht le fostóirí; agus
- laghdú ar spleáchas leasa shóisialaigh.

Riarann an Roinn os cionn 65 scéim agus seirbhís ar leithligh a mbíonn tionchar acu ar shaol beagnach gach duine sa Stát. Chaith an Roinn €19.8 billiún (réamh-thoradh) in 2014.

Tá forbairtí i rith 2014 atá ar aon líne le Cuspóir 1 leagtha síos sa chaibidil seo.

TEAGHLAIGH AGUS LEANAÍ

I mí Aibreáin 2014, leagadh síos sprioc bochtaineachta a bhain go sonrach le leanaí in *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: anCreat Beartais Náisiúnta le haghaidh Leanaí agus Daoine Óga 2014 – 2020 (BOBF).* Tá sé mar aidhm leis an sprioc os cionn 70,000 leanbh a thógáil amach as bochtaineacht leanúnach faoi 2020, laghdú d'aon trian ar leibhéal 2011. Áireofar leis an sprioc sin an ráta bochtaineachta leanúnaí níos airde a laghdú do theaghlaigh a bhfuil leanaí acu i gcomparáid le teaghlaigh nach bhfuil aon leanaí iontu (8.8% i gcomparáid le 4.2%) agus le haghaidh leanaí i gcomparáid le daoine fásta (9.3% i gcomparáid le 6%).

Deimhnítear cur chuige ilghnéitheach tras-Rialtais sa Chreat chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí, agus tugtar tús áite do luathaithint agus do bheartais idirghabhála. Tugtar miondealú sa Chreat ar raon beart agus athchóirithe nua agus leanúnacha a bhfuil sé i gceist leo an timthriall de mhíbhuntáiste ó ghlúin go glúin. Díríonn siad sin ar rátaí fostaíochta i measc tuismitheoirí a mhéadú, líon na dteaghlach nach bhfuil post acu a laghdú, agus infheistíocht a mhéadú i seirbhísí éifeachtacha, bunaithe ar fianaise ar féidir leo torthaí bochtaineachta leanaí a fheabhsú.

Is í an Roinn Coimirce Sóisialaí an Roinn urraíochta le haghaidh thoradh *Slándáil agus Deiseanna Eacnamaíocha* (toradh 4 in BOBF) agus í ina cathaoirleach ar an ngrúpa oibre idir-rannach chun cur i bhfeidhm an 14 phríomhthosaíocht beartais a chur chun cinn maidir leis an toradh sin. Tá an Roinn freagrach as cúig tiomantas beartais, agus ar cheann acu tionóladh seimineár náisiúnta ar *Cur Chuige Ilghnéitheach a Chur i bhFeidhm maidir le Bochtaineacht Leanaí, arna threorú ag Moltaí an Choimisiúin Eorpaigh ar 'Ag Infheistiú i leanaí: Deireadh a chur leis an timthriall míbhuntáiste'.* Rinne an Roinn óstáil ar an seimineár sin, i mí na Samhna in éineacht leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus leis an gCoimisiún Eorpach. Tá obair ag leanúint ar aghaidh ar conas is fearr cur chuige den sórt sin a chur i bhfeidhm agus conas dul chun leanúnach a dhéanamh chun an sprioc bochtaineacht leanaí a bhaint amach faoi 2020.

Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh

Leanann an Roinn ag soláthar raon tacaíochtaí ioncaim leanaí chun cabhrú le teaghlaigh lena gclann a thógáil.

Is íocaíocht sheachtainiúil saor ó cháin é an Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh do theaghlaigh (FIS), lena n-áirítear teaghlaigh aontuismitheora, atá ag obair ar phá íseal. In 2014, tháinig méadú 19% ar líon na dteaghlach a bhí ag obair agus ag fáil FIS agus 50,300 teaghlach á fháil, ag tacú le os cionn 111,000 leanbh.

Chuir forchéimniú tionscadal feabhsaithe próisis gnó le haghaidh an rannáin FIS deireadh le riaráistí atá le fada in éilimh nua agus athnuachana, agus próiseáladh go tapa éilimh athnuachana agus den chéad uair ar FIS nuair a fuarthas iad.

Baineann foireann na roinne leas as gach deis ina gcuid oibre le fostóirí agus le cuardaitheoirí poist d'fhonn feasacht a fhorbairt maidir leis an bhfáil atá ar FIS agus conas a d'fhéadfadh an íocaíocht

sin dul chun tairbhe fostaithe ionchasacha a bhfuil leanaí acu.

Liúntas Cúraim Baile

Cuireadh cur i bhfeidhm na n-athruithe riaracháin, a moladh i dtuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe ar an Liúntas Cúraim Baile (DCA), i gcrích in 2014. Leanann grúpa feidhmiúcháin DCA, ina bhfuil ionadaithe ó ghrúpaí tacaíochta tuismitheoirí agus míchumais mar chuid dá bhallraíocht, ag bualadh le chéile go rialta chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí sa scéim.

Rannchuidíonn na hathruithe riaracháin a cuireadh i bhfeidhm le próiseas iarratais fheabhsaithe agus cuirtear níos mó béime ar chuidiú le tuismitheoirí/caomhnóirí an oiread faisnéise ábhartha agus is féidir a thabhairt ar riachtanais cúraim a gcuid leanaí nuair a dhéanann siad an chéad éileamh. Ó tugadh isteach an próiseas nua in Aibreán 2014 tá méadú feicthe ar chéatadán na n-iarratas ar éirigh go maith leo ó 73% in 2013 go dtí 86% in 2014.

Leanann líon na n-iarratas nua ar DCA ag dul i méid, suas 32% le 2 bhliain anuas go dtí os cionn 5,700 in 2014. Tháinig méadú ar líon na leanaí atá ag fáil an liúntais gach bliain ó 2009 i leith, tráth ar ghlac an Roinn freagracht as an scéim ó FSS, agus tá 29,000 leanbh ag fáil íocaíochta faoi láthair.

Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua

Tugann an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua (BSCFA) cúnamh do leanaí incháilithe áirithe atá ag dul ar scoil.

In 2014, rinneadh uathoibriú iomlán ar bhunáite na dteidlíochtaí BSCFA agus níor theastaigh aon fhoirm iarratais ó chustaiméirí. Sainaithníodh thart ar 113,000 líon teaghlach sa phróiseas uathoibrithe, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, mar theaghlaigh atá cáilithe faoin scéim agus rinneadh na híocaíochtaí sin i mí Iúil 2014.

Os cionn 166,400 teaghlach le 304,400 leanbh leas as an scéim ar chostas beagnach €42.6 milliún.

Daoine atá in Aois Oibre

Bealaí chun na hOibre

Is é *Bealaí chun na hOibre* straitéis margadh saothair an Rialtais agus leagtar amach ann athchóiriú fadréimseach ar chur chuige an Stáit chun cabhrú le cuardaitheoirí poist dífhostaithe filleadh ar an obair. Tá sé dírithe ar a chinntiú go mbeidh cuardaitheoirí poist dífhostaithe in ann an oiread poist nua agus is féidir, agus folúntais eile a thagann aníos sa gheilleagar, a líonadh.

Go dtí seo rinne an clár Bealaí chun na hOibre, an clár athchóirithe aonair is mó san earnáil phoiblí, roinnt athchóirithe suntasacha a sheachadadh lena n-áirítear:

- cumasc agus comhtháthú ar thrí eagraíocht ar leithligh roimhe seo – CWS, seirbhísí fostaíochta FÁS, agus seirbhísí Tacaíochta Ioncaim na Roinne Coimirce Sóisialaí sa tseirbhís 'ilfhreastail' Intreo arna soláthar ag an Roinn Coimirce Sóisialaí;
- atheagrú ar sheirbhísí breisoideachais agus oiliúna an Stáit trí Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus Solas a chruthú;
- soláthar nó athchóiriú, faoi dheireadh 2014, ar 46 oifig nua Intreo ar fud na tíre agus 14 eile le cur i gcrích;
- forbairt ar shamhail nua oibriúcháin mar chuid de Intreo lenar cruthaíodh laghduithe suntasacha ar thréimhsí próiseála éileamh agus soláthar níos tapúla agus níos córasaí ar sheirbhísí fostaíochta;
- an feabhas ag an am céanna ar fheidhmíocht próiseála éilimh le haghaidh Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh - íocaíocht a oibríonn mar thacaíocht 'oibre' thábhachtach, go háirithe do dhaoine a bhogann ó dhífhostaíocht go fostaíocht;
- próiseas Faisnéise Grúpa a thabhairt isteach, mar chuid de Intreo, áit a bhfaighidh gach cuardaitheoir poist eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil dóibh;

- próifíliú cuardaitheoirí poist ar an mBeochlár chun tús áite a thabhairt do sholáthar seirbhísí fostaíochta duine ar dhuine agus soláthar na seirbhísí sin a threorú. Ó cuireadh an próiseas seo ar bun tá próifíliú déanta againn ar gach cuardaitheoir poist ar an mBeochlár agus chuireamar os cionn 800,000 agallamh duine ar dhuine ar siúl idir cuardaitheoirí poist agus oibrithe cásanna;
- tugadh isteach áis chun éileamh a chur ar fionraí chun deis a thabhairt do chuardaitheoirí poist dífhostaithe glacadh le deiseanna oibre go gearrthéarmach/séasúrach;
- bunaíodh Rannán Seirbhísí Fostóirí laistigh den Roinn. Oibríonn an Rannán sin go dlúth le fostóirí ar bhonn duine ar dhuine agus tríd imeachtaí cosúil le JobsWeek agus trí ghníomhaireachtaí cosúil le Skillnets d'fhonn earcaíocht ón mBeochlár a chur chun cinn;
- tugadh isteach agus/nó forchéimníodh seirbhísí nua cosúil le JobsPlus, TÚS, Gateway, JobBridge agus Momentum; agus
- dearadh agus soláthraíodh samhail nua de sheachadadh seirbhíse fostaíochta ar chonradh – JobPath.

Fuair os cionn 60,000 duine atá dífhostaithe go fadtéarmach post ó seoladh an straitéis *Bealaí chun na hOibre,* thit an ráta seasmhachta ó dhífhostaíocht ghearrthéarmach go fadtéarmach ó 33% go dtí 29% agus shroich an dul chun cinn chuig an ráta dífhostaíochta i gcás daoine atá níos faide ná dhá bhliain dífhostaithe de sprioc 2015 40%.

An Tánaiste agus an tAire Coimirce Sóisialaí, Joan Burton T.D., le Cathriona Hallaghan, Stiúrthóir Bainistíochta Microsoft Ireland, Martin Murphy, Stiúrthóir Bainistíochta Hewlett-Packard Ireland, Jonathon Friel agus Megan Clerkin, rannpháirtithe Ráthaíocht d'Aos Óg Bhaile Munna, ag seoladh na scéime.

Scéim Ráthaíochta d'Aos Óg Bhaile Munna

Cuireadh an tionscadal Ráthaíochta d'Aos Óg Bhaile Munna (BYG), treoirthionscadal arna mhaoiniú ag an AE chun tástáil a dhéanamh ar phríomhghnéithe d'fhonn treoir a thabhairt do chur i bhfeidhm náisiúnta Scéim Ráthaíochta don Aos Óg an AE, i gcrích i mí na Nollag 2014.

Rinne comhpháirtíocht de phríomhpháirtithe leasmhara an tsamhail BYG a fhorbairt agus a sheachadadh ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil, lena n-áirítear gach Roinn agus gníomhaireacht Rialtais, eagraíochtaí fostóirí agus ceardchumainn, faoi réir na Roinne Coimirce Sóisialaí. Cuireadh cur chuige gníomhachtaithe chun cinn sa tsamhail a bhí saincheaptha do riachtanais daoine óga le tacú leo ar bhealach inbhuanaithe chun fostaíochta.

Ráthaítear rochtain ar threoir/chúnamh maidir le gairm bheatha do gach cliant agus as sin leagfar amach plean gairm bheatha aonair agus leanfar suas é sin le hoiliúint, oideachas, taithí oibre nó fostaíocht lánaimseartha. Ag brath ar riachtanais an duine, d'fhéadfaí a áireamh i measc na gcéimeanna sa phlean gairm bheatha measúnú pearsanta, cúnamh le post a chuardach, oiliúint scileanna, intéirneachtaí taithí oibre, agus é mar chuspóir i ngach cás an duine óg a stiúradh chuig socrúchán fostaíochta nó chuig breisoideachas nó oiliúna.

Bhí feidhm leis an tsamhail in 2014 agus bhí beagnach 700 cuardaitheoir poist óg rannpháirteach sa phróiseas. Tionólfar comhdháil náisiúnta in 2015 chun torthaí agus na príomhcheachtanna atá foghlamtha a scaipeadh.

JobPath

Is clár nua gníomhachtaithe fostaíochta é JobPath a bhfuil sé i gceist leis tacú le daoine, atá dífhostaithe go fadtéarmach (os cionn 12 mhí) nó is mó atá i mbaol a bheith dífhostaithe go fadtéarmach, d'fhonn fostaíocht nó féinfhostaíocht íoctha lánaimseartha a bhaint amach.

Cinnfear costas foriomlán JobPath ag brath ar líon na ndaoine a bheidh rannpháirteach sa chlár agus líon na ndaoine a gheobhaidh poist inbhuanaithe. Gheobhaidh rannpháirtithe JobPath dianthacaíocht aonair chun cabhrú leo dul i ngleic le haon srianta chuig fostaíocht agus chun cabhrú leo poist inbhuanaithe a fháil. Caithfidh siad bliain amháin ar an gclár. I rith an chláir féadfar iad a chur ar aghaidh freisin le haghaidh tuilleadh deiseanna oideachais agus oiliúna.

In 2014, i ndiaidh próiseas soláthair a rinneadh de réir rialacha soláthair poiblí an AE agus na hÉireann, roghnaíodh an dá thairgeoir roghnaithe chun JobPath a sholáthar.

Is iad an dá thairgeoir roghnaithe ná Turas Nua Teo. agus Seetec Business Technology Company Teo. Is comhfhiontar é Turas Nua idir FRS Recruitment (cuideachta earcaíochta comharchumainn bunaithe i Ros Cré) agus Working Links (soláthróir seirbhísí fostaíochta dea-bhunaithe as an RA a chuireann seirbhísí ar fáil do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach). Feidhmeoidh Turas Nua Teoranta sa chuid ó dheas den tír lena n-áirítear bailte agus cathracha cosúil le Corcaigh, Luimneach, agus Port Láirge. Is cuideachta phríobháideach é Seetec a sheachadann raon leathan clár infhostaitheachta agus scileanna ar fud limistéir uirbeacha agus tuaithe Shasana. Feidhmeoidh Seetec sa chuid ó thuaidh den tír lena n-áirítear bailte agus cathracha cosúil le Baile Átha Cliath, Gaillimh, Sligeach agus Dún Dealgan.

Faoi JobPath, soláthróidh an dá thairgeoir roghnaithe tuilleadh seirbhísí fostaíochta a mhéadóidh – seachas teacht in ionad – seirbhísí fostaíochta na Roinne féin.

Oibreoidh an dá chuideachta le raon fochonraitheoirí áitiúla, lena n-áirítear cuideachtaí oiliúna áitiúla agus soláthraithe Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla (LES), chun JobPath a sheachadadh.

Íocfar táille clárúcháin maidir le gach cliant nuair a chuirfidh siad an chéad chuid de Phlean Forchéimnithe Pearsanta i gcrích. Ina theannta sin, íocfar táillí as torthaí oibre maidir le 13, 26, 39 agus 52 seachtaine fostaíochta as a chéile.

Mairfidh na conarthaí ar feadh 4 bliana agus beidh tréimhse breise ar feadh 2.5 bliana eile. Ciallaíonn sé sin i gcás go gcuirtear duine ar aghaidh chuig soláthraí ag deireadh na ceathrú bliana, go gcaithfidh an soláthraí an tseirbhís a chur ar fáil ar feadh an chéad 52 seachtaine eile (móide suas le 26 seachtaine breise má thugann duine faoi oiliúint nó faoi bhreisoideachas) agus má fhaigheann duine post ag deireadh na tréimhse sin féadfaidh an soláthraí íocaíochtaí a éileamh ar feadh beagnach 52 seachtaine fostaíochta ina dhiaidh sin.

Ag brath ar chur i gcrích na gconarthaí táthar ag súil go gcuirfear tús le JobPath i lár na bliana 2015.

An Tánaiste agus an tAire Coimirce Sóisialaí Joan Burton T.D, an Taoiseach, Enda Kenny T.D. agus an tAire Stáit ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, Kevin Humpreys, T.D., ag seoladh Bealaí chun na hOibre 2015, Deireadh Fómhair 2014

Ré-áiritheoir maidir leis na buntáistí a bhaineann le bheith ag obair

Is uirlis é an Ré-áiritheoir maidir leis na buntáistí a bhaineann le bheith ag obair atá éasca a úsáid dóibh siúd a fhaigheann Íocaíocht Cuardaitheora Poist agus tugann sé le fios cén difríocht a bheadh idir íocaíochtaí úsáideora a bheadh ag obair i gcomparáid lena íocaíochtaí amuigh as obair agus ríomhtar é ón eolas a thugann an t-úsáideoir féin.

Nuashonraíodh an Ré-áiritheoir maidir leis na buntáistí a bhaineann le bheith ag obair i mí na

Nollag 2014 chun léiriú a thabhairt ar athruithe sa cháinaisnéis agus chun an íocaíocht nua Díbhinn don Teaghlach (BTWFD) de bharr Filleadh ar an Obair a chur san áireamh.

Iarrtar ar an úsáid eolas áirithe a chur isteach cosúil le ráta na híocaíochta Cuardaitheora Poist sa tseachtain; an ollphá sa tseachtain a d'fhéadfadh sé nó sí a fháil ó fhostaíocht; stádas caidrimh; agus forlíonadh cíosa/ús morgáiste sa tseachtain. Cuirtear san áireamh freisin sa Ré-áiritheoir maidir leis na buntáistí a bhaineann le bheith ag obair aon teidlíocht a d'fhéadfadh a bheith ag an duine ar Fhorlíonadh Ioncam Teaghlaigh (FIS) agus ar BTWFD nuair a ríomhtar an tsuim sheachtainiúil mheasta a gheobhaidís i ndiaidh dóibh obair lánaimseartha a ghlacadh.

Tugtar graf simplí don úsáideoir ina léirítear go mbeidh siad i bhfad níos fearr as ag obair, bunaithe ar an eolas a thugann siad.

D'fhéach os cionn 16,000 duine ar leathanaigh an Ré-áiritheora maidir leis na buntáistí a bhaineann le bheith ag obair in 2014.

Tugtar eolas áisiúil freisin ar an suíomh maidir le hiarratais ar FIS agus BTWFD, Forlíonadh Cíosa, chomh maith le naisc a thabhairt chuig poist fhógartha agus eolas úsáideach eile. Baineann Oifigigh Cásanna in oifigí Intreo agus Seirbhísí Fostaíochta leas as an uirlis sin freisin, atá ar fáil faoi Seirbhísí Ar Líne ar shuíomh Gréasáin na Roinne www.welfare.ie, nuair a bhíonn siad i mbun agallaimh phearsanta le cuardaitheoirí poist.

Momentum

Seoladh clár Momentum 2014 i Meán Fómhair, ina dtugtar oideachas agus oiliúint in aisce do 6,500 cuardaitheoir poist lánaimseartha, agus tá 33% de curtha ar leataobh le haghaidh daoine óga (faoi 25 bliana) mar chuid den Ráthaíocht don Aos Óg.

Déantar rochtain go heisiach ar chúrsaí Momentum trí Ionaid Intreo agus Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla na Roinne, atá ar chonradh leis an Roinn. Faigheann rannpháirtithe incháilithe tacaíocht airgeadais trí scéim um Fhilleadh ar an Oideachas na Roinne (BTEA).

Cláir Oiliúna do Chuardaitheoirí Poist

Forbraíodh roinnt clár oiliúna in 2014 chun scileanna nua a thabhairt do chuardaitheoirí poist agus cuireadh i bhfeidhm iad i gcomhar le páirtithe leasmhara lena n-áirítear Skillnets, an IDA agus an earnáil phríobháideach. Tá na cláir sin ailínithe go dlúth le riachtanais an tionscail agus áirítear leo socrúcháin oibre do rannpháirtithe.

Bhí cláir oiliúna faoi Positive to Work Skillnets ar siúl i gcomhar le Tesco Ireland, Keelings, Horseware Ireland, KN Networks agus forbraíodh agus seoladh Clár i mBithanailísíocht freisin. Thacaigh an tAonad Rannpháirtíochta Fostóirí freisin le Tionscnamh Fostaíochta Óige de chuid Nestlé Ireland.

An Scéim Náisiúnta Intéirneachta JobBridge

Tugann Scéim Náisiúnta Intéirneachta JobBridge deiseanna intéirneachta a mhairfidh 6 nó 9 mí do dhaoine dífhostaithe ar an mBeochlár laistigh de na hearnálacha príobháideacha, poiblí, pobail agus deonacha. D'éirigh go breá leis an scéim go dtí seo, agus os cionn 36,000 duine ag fáil taithí oibre luachmhar ó cuireadh ar bun é in 2011. In 2014, bhain os cionn 11,500 cliant leas as áiteanna ar JobBridge.

Na Chéad Chéimeanna - Intéirneacht Forbartha don Aos Óg

Is gné eile den scéim JobBridge í an Intéirneacht Forbartha don Aos Óg, a fógraíodh i mí na Samhna 2014, a forbraíodh go sonrach dóibh sin idir 18 agus 24, atá ar an mBeochlár agus nach bhfuil acu ach taithí oibre theoranta nó nach bhfuil taithí oibre acu in aon chor. Tá sé dírithe ar dhaoine óga a bhféadfadh deacracht a bheith acu dul chun cinn a dhéanamh trí scagadh iarrthóirí i ngnáthphróiseas earcaíochta.

Tá sé mar chuspóir deis a thabhairt do dhaoine óga scileanna oibre éagsúla a fhoghlaim agus a fhorbairt agus taithí oibre atá ábhartha don ionad

oibre a fháil. Tá sé i gceist go mbeidh rochtain ag 1,500 duine óg, ag aon tráth amháin, ar an gcineál seo intéirneachta JobBridge.

Tiocfaidh Na Chéad Chéimeanna - Intéirneacht Forbartha don Aos Óg i bhfeidhm go luath in 2015.

Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora

Leantar ag cur athruithe i bhfeidhm ar an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, agus laghdú anois ar thairseach aoise an linbh is óige chun an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a fháil, ar bhonn céimithe, go dtí 7 mbliana d'aois faoi mhí Iúil 2015. Tá sé mar aidhm leis na hathruithe easpa jabanna a laghdú, bochtaineacht, agus spleáchas ar leas sóisialach go fadtéarmach i measc tuismitheoirí aonair agus a gcuid rochtana ar raon na gclár oideachais, oiliúna agus fostaíochta atá ar fáil, d'fhonn cuidiú leo fostaíocht a fháil.

Ag ullmhú do na hathruithe i mí Iúil 2014, bhunaigh an Roinn grúpa forfheidhmiúcháin chun gach ceann de na céimeanna riachtanacha a shainiú agus a chur i bhfeidhm lena chinntiú nach amháin go mbeidh custaiméirí OFP a aistríonn óna n-íocaíocht OFP mar gheall ar na leasuithe sin ar an eolas maidir lena gcuid roghanna, ach go dtabharfar tríd na gcéimeanna is gá iad lena chinntiú go bhfaigheann siad an tacaíocht ioncaim leanúnach mar is iomchuí. Cuireadh dlús faoi iarratais ar íocaíochtaí tacaíochta ioncaim nua cosúil le Liúntas Cuardaitheora Poist, Liúntas Cuardaitheora Poist Idirthréimhseach, Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh, agus Liúntas Cúramóra don chohórt sin.

Fuair thart ar 4,700 custaiméir tacaíocht tríd an athrú sin in 2014 agus d'aistrigh siad chuig íocaíochtaí tacaíochta ioncaim eile mar is iomchuí.

Beidh an chéim dheiridh den athchóiriú ar siúl i mí Iúil 2015 tráth a laghdófar aois an linbh is óige chun OFP a fháil go dtí 7 mbliana d'aois d'fhaighteoirí OFP nua agus reatha.

Cliaint an Liúntais Cuardaitheora Poist Idirthréimhseach a Chur i nGníomh

I rith 2014, cuireadh próiseas i bhfeidhm chun iar-fhaighteoirí na hÍocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora (OFP) atá anois ar shocruithe do Chuardaitheoirí Poist Idirthréimhseach, agus é mar phríomhchuspóir plean gníomhaíochta pearsanta a shainiú chun cuidiú leo a bheith ullmhaithe do phost thar thréimhse ama iomchuí.

Áirítear leis an bpróiseas duine ar dhuine le hoifigeach cáis áit a gcuidítear leis an gcustaiméir plean forbartha pearsanta a chomhlánú agus tugtar rochtain chuid na tacaíochtaí oideachais agus fostaíochta is gá ag teacht lena bplean gníomhaíochta comhaontaithe. Fuair gach iar-fhaighteoir OFP, a d'aistrigh chuig an scéim JA leis na coinníollacha iomlána rochtain chuig seirbhísí Intreo na Roinne ar an mbealach céanna le cuardaitheoirí poist reatha.

Fostaíocht Pobail

Déantar an clár Fostaíochta Pobail (CE) a sheachadadh trí eagraíochtaí urraíochta arna gceadú ag an Roinn, go príomha ón earnáil phobail agus dheonach. Bíonn na heagraíochtaí sin ar chonradh leis an Roinn chun taithí oibre agus deiseanna oiliúna a thabhairt ar bhonn bliantúil do chuardaitheoirí poist agus do dhaoine fásta cáilitheacha eile. Is comhaltaí deonacha iad baill an choiste urraíochta ar fad.
Ba ionann an leithdháileadh buiséid ar CE in 2014 agus €353.5 milliún agus ag deireadh 2014 bhí 1,035 scéim CE ann.

Ag deireadh 2014 ba ionann an dul chun cinn le haghaidh gach rannpháirtí a chuir cúrsa CE i gcrích (11,275) agus 29.8%; chuaigh 24.4% ar aghaidh chuig fostaíocht/féinfhostaíocht agus chuaigh 5.4% ar aghaidh chuig breisoideachas/oiliúna.

An Próiseas Breithmheasa le haghaidh Scéimeanna Fostaíochta Pobail (CE)

In 2014, cuireadh Treoir um Rialachas Corparáideach d'urraitheoirí le chéile agus eisíodh í i gcomhar leis an bPacáiste Rannpháirteachais Urraíochta le haghaidh

Fostaíochta Pobail (CE). Tugtar sonraí sa Treoir maidir le freagrachtaí urraitheoirí, mar stiúrthóirí agus fostóirí, lena chinntiú go gcloítear le Rialachas Corparáideach.

Is féidir le hurraitheoirí iarratas a chur isteach anois ar Scéim Fostaíochta Pobail 3 bliana. Ní mór do gach Urraitheoir Monatóireacht Airgeadais agus Cláir & Oiliúna a chomhlíonadh d'fhonn iad a bhreithniú i gcomhair athnuachana. Má éiríonn lena n-iarratas, cuirfear conradh bliantúil i bhfeidhm. Déanfaidh an Roinn breithmheas ar an scéim gach bliain agus ní thairgfear conradh athnuachana ach amháin ar scéimeanna a chomhlíonann an próiseas breithmheasa.
Tugadh isteach Treoirlínte nua freisin in 2014 maidir le Monatóireacht Cláir agus Oiliúna. Tabharfar eolas don fhoireann ábhartha go léir maidir leis na treoirlínte sula ndéanfar forchéimniú orthu. Tá sé mar aidhm leis an monatóireacht, a dhéanann foireann na Roinne ar an láthair gach bliain, an comhlíonadh a dhéanann gach scéim le Nósanna Imeachta CE na Roinne a mheasúnú. Tugadh faoi chuairt monatóireachta de chlár rialaithe lárnach maidir le 2.5% de na scéimeanna in 2014.

Cuireadh Treoirlínte Monatóireachta Airgeadais nua i bhfeidhm in 2014. Cuireadh an fhoireann ábhartha go léir ar an eolas roimh forchéimniú. Tá sé mar aidhm leis na Treoirlínte leordhóthanacht agus éifeachtacht na gcóras airgeadais, na rialuithe agus mbeartas atá i bhfeidhm a chinntiú agus fáil amach cibé an gcomhlíonann an scéim na caighdeáin riachtanacha. Scéimeanna a meastar 'Neamhghéilliúil' iad ní dhéantar athnuachana ar a gcuid conarthaí go dtí go réitítear gach ceist.

Déanann foireann na Roinne cuairt Monatóireachta Airgeadais maidir le gach tionscadal uair amháin sa bhliain ar a laghad. Tugadh faoi chuairt monatóireachta airgeadais rialaithe lárnach maidir le 5% de na scéimeanna CE in 2014.

Clár Cúram Leanaí um Fhostaíocht Pobail (CE)

In 2014, glacadh le cur chuige téamach chun taithí oibre agus cáilíochtaí oiliúna rannpháirtithe ar CE a shruthlíniú. Mar chéad chéim, cuireadh clár cúram leanaí nua i bhfeidhm le haghaidh 2,200 áit fhéideartha ar CE.

Iarrtar ar rannpháirtithe cáilíocht FETAC Leibhéal 5 a bhaint amach i gcúram leanaí, agus tá gach áit cúram leanaí taobh istigh de réimse téamach Cúram leanaí agus faoi bhainistíocht scéimeanna cúram leanaí bunaithe sa phobal. Rinneadh na forbairtí sin i ndiaidh comhairliúcháin agus mar thoradh orthu bhí athrú i gceist d'os cionn 200 eagraíocht urraithe, agus níor cuireadh isteach ach go beag ar chuardaitheoirí poist.

Tacaíocht Cúram Leanaí do Rannpháirtithe Fostaíochta Pobail (CE)

I gCáinaisnéis 2014 leathnaíodh Clár Tacaíochta Oideachais agus Oiliúna Cúram Leanaí (CETS) ó Eanáir chun rannpháirtithe Fostaíochta Pobail a chur san áireamh. I mí Iúil, athainmníodh an Clár agus tugadh an Clár Cúram Leanaí Fostaíochta Pobail air (CEC) agus leathnaíodh é chun leanaí suas go dtí 13 bliana a chur san áireamh.

Ag deireadh Mheán Fómhair, bhí 753 áit cúram leanaí glactha ag rannpháirtithe CE. Is féidir le rannpháirtithe iarratas a dhéanamh trína n-urraitheoir CE agus déanann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA) riaradh ar an scéim.

Scéim Cúram Leanaí Iarscoile Athbhreithnithe

Chuir an scéim Cúram Leanaí Iarscoile (ASCC) a tugadh isteach in 2013, comhthionscnamh idir DSP agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA), áiteanna cúram leanaí iarscoile fóirdheontais ar fáil do dhaoine ar ioncam íseal agus do dhaoine dífhostaithe a fhaigheann fostaíocht. Is féidir le custaiméirí iarratas a dhéanamh ag a nIonad Intreo/nOifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh. Is é an DYCA a riarann an scéim.

Tháinig scéim ASCC athbhreithnithe, le critéir incháilitheachta agus fóirdheontas, i bhfeidhm i mí Iúil 2014.

I measc na n-athrú nua tá siad seo a leanas:

- ranníocaíocht an tuismitheora a laghdú go dtí €15 an linbh in aghaidh na seachtaine le haghaidh na scéime, ionas go mbeidh sé ailínithe ar an ranníocaíocht choibhéiseach sa chlár Cúram Leanaí Fostaíochta Pobail (CEC);
- an dara ráta íocaíochta a thabhairt isteach do sholáthraithe cúram leanaí ina n-áirítear seirbhís pioctha suas iarscoile le haghaidh na scéime ASCC .i. €80 fóirdheontais don soláthraí in aghaidh an linbh in aghaidh na seachtaine; agus
- an scéim a leathnú chuig custaiméirí a thugann faoi cheann de chláir fostaíochta na Roinne[9] mar aon le fostaíocht a ghlacadh.

An Tánaiste agus an tAire Coimirce Sóisialaí Joan Burton T.D, an Taoiseach, Enda Kenny T.D. agus an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton T.D., agus an tAire Stáit um Ghnó agus Fostaíocht, Jed Nash T.D., ag ócáid Thuarascáil Ráithiúil an Phlean Gníomhaíochta le haghaidh Post, Iúil 2014

Gníomhaíocht Oibre le Fostóirí

In 2014, leathnaigh an Roinn an obair a dhéanann sí le fostóirí. D'oibrigh an fhoireann náisiúnta um chaidrimh le fostóirí agus na foirne rannacha um idirchaidrimh fostóirí le comhlachtaí tionscail agus le fostóirí chun tacú le rannpháirtíocht le cuardaitheoirí poist agus le seirbhísí fostóra na Roinne.

In 2014:

- bhí os cionn 14,000 cuardaitheoir poist rannpháirteach in os cionn 170 imeacht le linn Sheachtain Náisiúnta na bPost i Meán Fómhair;
- d'fhreastail 899 duine ag déanamh ionadaíochta ar os cionn 756 eagraíocht ar 6 Chruinniú Eolais Náisiúnta d'Fhostóirí a d'eagraigh an tAonad Rannpháirtíochta d'Fhostóirí;
- cuireadh os cionn 200,000 Pacáiste d'Fhostóirí agus do Chuardaitheoirí Poist agus scaipeadh iad ar Ionaid Intreo agus cuireadh ar fáil iad ar líne chun cuidiú le cuardaitheoirí poist agus le fostóirí rochtain a fháil ar na seirbhísí éagsúla atá ar fáil;
- rinneadh 25,500 íoslódáil den Fheidhmchlár do Chuardaitheoirí Poist a forbraíodh le haghaidh fóin chliste agus táibléad; agus
- fógraíodh an Chairt Fostaíochta agus Gníomhachtaithe don Óige (EYAC) i Meán Fómhair agus bhí 32 chuideachta cláraithe leis an gCairt faoi dheireadh na bliana.

D'oibrigh an Roinn leis na gníomhaireachtaí fiontraíochta chun earcaíocht a uasmhéadú ón mBeochlár i measc a gcliantchuideachtaí faoi phrótacal comhoibrithe a aontaíodh. Mar thoradh air sin, tá an Roinn ag obair le raon éagsúil tionscadal: an gCeantar Uirbeach a bhunú i nGráinseach Ghormáin; na pleananna le haghaidh Ionaid Cúram Príomhúil; na gCúirteanna; agus an Clár Cineachta scoileanna chomh maith le forbairt Ospidéal Náisiúnta Leanaí nua.

Bhí an Roinn rannpháirteach freisin sna himeachtaí 'Buail leis an gCeannaitheoir' agus in imeachtaí Fiontraíochta.

[9] Ní áirítear CE leis sin toisc go bhfuil cúram leanaí ar fóirdheontas ar fáil faoin gclár CEC le haghaidh rannpháirtithe CE.

An tAire Stáit ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, Kevin Humpreys, T.D., ag Cruinniú Eolais Gnó in IT Dhún Dealgan, Deireadh Fómhair 2014

JobsIreland.ie

Is é JobsIreland.ie tairseach Náisiúnta Fostaíochta na Roinne. Tá sé á riar ag an Ionad Náisiúnta Teagmhála (NCC) agus soláthraíonn sé seirbhís d'fhostóirí ar mian leo folúntais a fhógairt, Scéimeanna Fostaíochta Pobail (CE), Clár Socrúcháin Oibre agus intéirneachtaí JobBridge. Is féidir le cuardaitheoirí poist freisin leas a bhaint as an tairseach chun folúntais a chuardach agus a gcuid Cvanna a uaslódáil.

In 2014 bhain na rudaí seo a leanas le JobsIreland.ie:

- fógraíodh os cionn 111,000 folúntas agus beagnach 30,000 post JobBridge;
- láimhseáil siad 57,000 glaoch; agus
- phróiseáil sé beagnach 12,000 foirm incháilitheachta JobBridge.

Mar fhreagra ar an Suirbhé bliantúil ar Fhostóirí de chuid JobsIreland, thaitin an tseirbhís JobsIreland le 91% de na fostóirí a bhain leas as in 2014.

Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta

Soláthraíonn Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta (EURES) seirbhís idirnáisiúnta earcaíochta d'fhostóirí a mbíonn deacrachtaí acu foireann a earcú in Éirinn, agus cuidíonn sé le cuardaitheoirí poist atá lonnaithe in Éirinn a bhfuil spéis acu i ndeiseanna fostaíochta san Eoraip. Go sonrach soláthraíonn Comhairleoirí EURES comhairle, treoir agus comhairleacht dóibh siúd a bhfuil sé ar intinn acu bogadh go hÉirinn.

An Tánaiste agus an tAire Coimirce Sóisialaí, Joan Burton T.D, ag caint ag Cruinniú Eolais Náisiúnta d'Fhostóirí

In 2014:

- bhí an chéad Lá Poist Ar Líne Eorpach, deartha chun tallann TFC a mhealladh ón Eoraip le dhul isteach san earnáil in Éirinn ar siúl i mí na Bealtaine;
- Bhí Aontaí Poist & Comhairle EURES ar siúl i Leitir Ceanainn agus i Muineachán;
- fógraíodh an Clár Taithí ar do Eoraip (EYE) i mí na Samhna. Ullmhóidh agus tacóidh an Clár EYE le daoine óga oiliúint nó fostaíocht a fháil san Eoraip ar feadh 12 mhí ionas go bhfillfidh siad agus na scileanna agus an taithí is gá acu chun fostaíocht a fháil in Éirinn. Tá sé beartaithe agallamh a chur ar 100 iarratasóir Éireannach le haghaidh Scéim Printíseachta na Gearmáine go luath in 2015.

An Fhoireann EURES ar fud an AE

Beartas Pinsin

Struchtúir Rialachais maidir le Pinsin Cheirde

Rinneadh athrú ó bhonn ar struchtúr rialachais an Bhoird Pinsean i rith 2014, agus bunaíodh an tÚdarás Pinsean agus an Chomhairle Pinsean. Déanann Bord triúr ball maoirseacht anois ar an Údarás Pinsean, ar a bhfuil cathaoirleach agus beirt ghnáth-chomhaltaí a ceapadh in 2014. Is é Príomhfheidhmeannach an Údaráis an Rialtóir Pinsean anois. Leanfaidh an Rialtóir Pinsean ag cur feidhmeanna Phríomhfheidhmeannach an Údaráis Pinsean i gcrích.

Bunaíodh an Chomhairle Pinsean chun an bonneagar pinsean a neartú agus ionchur níos mó a thabhairt do thomhaltóirí isteach i bpolasaí pinsin. Is é feidhm na Comhairle Pinsean comhairle a chur ar an Aire ar chúrsaí a bhaineann le pinsin, agus díriú go háirithe ar bheartais chun tacú le hinbhuanaitheacht agus le leordhóthanacht an tsoláthair pinsin. Déanfaidh an Chomhairle ionadaíocht ar an tomhaltóir agus cinnteoidh sí go ndíreofar i bhfad níos mó ar an tomhaltóir.

Ainmníodh cathaoirleach den Chomhairle Pinsean in 2014. Tugadh faoi phróiseas chun comhaltaí den Chomhairle Pinsean a roghnú in 2014 ag úsáid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Athstruchtúrú agus Foirceannadh na Scéime

Leasaíodh Acht na bPinsean 1990 leis an Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2014, chun soiléiriú a thabhairt ar na ceanglais fógraíochta a bhaineann le treoir aontaobhach a eisiúint ón Údarás Pinsean chun sochair scéime a athstruchtúrú faoi alt 50 d'Acht na bPinsean 1990. Cinntítear leis go gcuirfear comhaltaí scéime ar an eolas maidir le sonraí tograí chun treoir a eisiúint agus maidir leis an gceart atá acu achomharc a dhéanamh ar threoir den sórt sin ón Údarás Pinsean.

Rinneadh leasú freisin ar Acht na bPinsean 1990 chun ceanglais an fhógra arna n-eisiúint do chomhaltaí scéime a shoiléiriú i gcás ina bhfuil an tÚdarás Pinsean ag déanamh machnaimh ar threoir a eisiúint chun scéim pinsin a fhoirceannadh. Ligeann sé don Údarás Pinsean an bealach agus tráthúlacht fógra den sórt sin a shonrú agus an t-am a cheadaítear do bhaill scéime aighneacht a chur chuig an Údarás Pinsean go bhfuil sé ag smaoineamh ar scéim a fhoirceannadh.

Rinneadh leasú breise ar an Acht leis an Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2) 2014 chun cur ar chumas an Aire Airgeadais airgead a tharraingt anuas ón Lárchiste chun dliteanais a nochtadh a d'fhéadfaí a thabhú don Stát i gcás ina ndéantar scéim pinsin a fhoirceannadh in imthosca áirithe, i gcás ina mbíonn an scéim agus an fostóir araon dócmhainneach. Tháinig an leasú i ndiaidh rialaithe de chuid Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa go gcaithfear cearta oibrithe ar phinsin cheirde áirithe a chosaint faoi threoir an AE maidir le dócmhainneacht fostóirí. I ndiaidh cás lena raibh baint ag iar-oibrithe Waterford Crystal, thángthas ar chomhaontú leis an Rialtas ar conas a láimhseálfar a gcuid éilimh, agus tá foráil san Acht freisin chun éilimh den sórt sin a réiteach sa todhchaí.

Rialú Pinsean

Cuireadh bearta i bhfeidhm chun naisc a thógáil idir an uimhir Pearsanta Seirbhíse Poiblí agus na scéimeanna pinsin ábhartha a chuideodh chun meicníochtaí a fhorbairt chun sochair fabhraithe a rianú. Chuaigh an Roinn i mbun plé le páirtithe leasmhara ábhartha chun iniúchadh a dhéanamh ar chur chuigí chun cuidiú le seirbhís rianaithe pinsin a fhorbairt.

Forbairtí Beartais Eile

Rialacháin Foirne na gComhphobal Eorpach

Tugadh rialacháin isteach chun foráil a dhéanamh i gcomhair aistrithe teidlíochtaí pinsin árachais shóisialaigh i gcomhréir le Rialacháin Foirne na gComhphobal Eorpach.

Forlíonadh Cíosa

Soláthraíonn an scéim forlíonadh cíosa tacaíocht do thart ar 71,500 daoine incháilithe atá ina gcónaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos nach bhfuil dóthain acmhainní acu chun freastal ar a gcostais chóiríochta agus nach bhfuil aon chóiríocht ar fáil dóibh as aon fhoinse eile. Bhí an caiteachas ar an scéim in 2014 ag thart ar €339 milliún.

Mar thoradh ar shrianta soláthair sa mhargadh cíosa príobháidigh agus na ndeacrachtaí a bhíonn ag tionóntaí ionchasacha, chuir an Roinn bearta i bhfeidhm lena chinntiú go ndeachthas i ngleic le riachtanais tithíochta custaiméirí forlíonadh cíosa ar fud na tíre a bhí i mbaol a dteach a chailleadh, trí sholúbthacht mhéadaithe a sholáthar laistigh de riaradh na scéime um fhorlíonadh cíosa. Ina theannta sin, d'aontaigh an Roinn agus chuir sí i bhfeidhm prótacal le Coiste Feidhmiúcháin Réigiún Bhaile Átha Cliath don Easpa Dídine (DRHE), na ceithre Údarás Áitiúil i mBaile Átha Cliath agus Threshold Ltd (le tacaíocht ó sheirbhísí inbhuanaithe tionóntachta ar cuairt arna soláthar ag Dublin Simon agus Focus Ireland) chun idirghabháil a dhéanamh nuair a bhí teaghlaigh a bhí ag fáil forlíonadh cíosa i gcontúirt a gcuid tionóntachtaí a chailleadh. Tá treoir beartais straitéisigh na Roinne chun an forlíonadh cíosa a úsáid mar thacaíocht ioncaim gearrthéarmach, an aidhm a bhí leis ón tús ar fad.

Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta

I mí Iúil 2013 cheadaigh an Rialtas an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) a thabhairt isteach. Faoi HAP, aistreofar an fhreagracht maidir le cúnamh cíosa a thabhairt dóibh sin a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmach acu ón Roinn Coimirce Sóisialaí go dtí údaráis áitiúla. Ar cheann de na príomhbhuntáistí a thagann le HAP ná go bhfaightear réidh le srianta do dhaoine atá ag fáil forlíonadh cíosa faoi láthair chun filleadh ar fhostaíocht, atá comhleanúnach le tiomantais an Rialtais faoin gclár Bealaí Chun na hOibre.

Cuireadh treoirthionscadal riaracháin HAP ar bun i Luimneach i Márta 2014 agus, tar éis achtú an Achta Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014i mí Iúil, cuireadh forchéimniú reachtúil iomlán HAP ar bun ar bhonn céimithe i limistéir údaráis áitiúil roghnaithe. Leanann oifigigh ag obair go dlúth le comhghleacaithe sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus sna húdaráis áitiúla d'fhonn rathúlacht na scéime a chinntiú.

Tacaíocht Éigeandála mar fhreagra ar Thuilte

Is í an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an phríomh-Roinn le haghaidh éigeandálaí drochaimsire agus tá Oifig na nOibreacha Poiblí freagrach as gníomhaíochtaí faoisimh tuilte. Mar sin féin, tá ról tábhacht ag DSP chun cuidiú le teaghlaigh láithreach bonn i ndiaidh imeachtaí éigeandála cosúil le tuilte.

Cheadaigh an Rialtas an Scéim um Chabhair Dhaonnúil i mí na Samhna 2009. Tá an scéim, a ndéantar tástáil acmhainní ina leith, ar fáil chun cabhrú le daoine a ndéanann tuilte agus drochaimsir eile damáiste dá dtithe agus nach bhfuil sé d'acmhainn acu na costais a ghabhann le riachtanais bhunúsacha, ábhar tí agus, i roinnt cásanna, deisiúchán struchtúrtha a íoc. Braitheann na leibhéil íocaíochta faoin scéim ar chomh dona is atá an damáiste a rinneadh agus cumas an teaghlaigh na costais sin a íoc, ag cinntiú go ndírítear i gceart an maoiniú san áit a dteastaíonn sé. Ní chlúdaíonn Cúnamh Daonnúil rioscaí atá cumhdaithe ag polasaithe árachais, gnó nó caillteanais thráchtála.

In 2014 íocadh €1.2 milliún amach faoin Scéim um Chabhair Dhaonnúil, agus díríodh os cionn leath den chaiteachas sin ar Luimneach tar éis na dtuilte a bhí sa chathair agus sna limistéir máguaird go luath in 2014. Chuir Seirbhís Leasa Pobail na Roinne clinicí éigeandála ar bun agus tugadh cuairt ar os cionn 50 duine leochaileach sa bhaile lena chinntiú gur tugadh cúnamh láithreach do na daoine is mó a bhí buailte i gcathair agus i gcontae Luimnigh.

Ceardlann ar Bheartas Coimirce Sóisialaí

Chomhoibrigh an Roinn leis an Geary Institute, UCD, chun Ceardlann ar Bheartas Sóisialach a eagrú, a bhí ar bun i Meán Fómhair 2014.

Ba é téama na ceardlainne na dúshláin a bhí os comhair an chórais coimirce sóisialaí tar éis an chúlú eacnamaíoch. Chuir eochairléachtóirí taighde éiritheach i láthair ar conas a bhí tionchar ag beartais leasa ar theaghlaigh agus conas a thug siad freagra ar na beartais sin. Rinne na daoine seo cur i láthair: John McHale (Cathaoirleach Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann), Tom Healy (Stiúrthóir Institiúid Taighde Eacnamaíochta Nevin), Ita Mangan (Cathaoirleach an Ghrúpa Chomhairligh maidir le Cáin agus Leas Sóisialach) agus Brian Nolan (Ollamh le Beartas Sóisialta, Ollscoil Oxford).
D'fhreastail an Tánaiste, an tAire Stáit, ardbhainistíocht agus thart ar 40 foireann DSP as raon leathan réimsí gnó ar an ócáid. Príomh-thoradh ón gceardlann ná an rannchuidiú leis an gcumas beartais agus eolas ar shaincheisteanna beartais ar chosaint sóisialta ar leibhéal aonair agus corparáideach.

Seirbhís do Chustaiméirí

Tá sé mar phríomhchuspóir i bPlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí 2014 – 2016 an bealach a n-oibríonn an tSeirbhís Phoiblí le húsáideoirí seirbhíse a fheabhsú, d'fhonn caighdeán a gcuid idirghníomhaíochta leis an tSeirbhís Phoiblí a fheabhsú. Rannchuidigh an Roinn Coimirce Sóisialaí leis an gcuspóir sin ar feadh 2014.

Léirigh an Roinn go bhfuil sí tiomanta go leanúnach do éiteas láidir seirbhíse custaiméirí trí chur i bhfeidhm leanúnach na Cairte do Chustaiméirí agus Phlean Gníomhaíochta 2013–2015. Leagtar amach sa Phlean an leibhéal seirbhíse ar féidir le custaiméirí a bheith ag súil leis nuair a bhíonn siad ag plé leis an Roinn agus a tiomantas maidir le seirbhís ghairmiúil, éifeachtúil, chúirtéiseach agus chaoithiúil a thabhairt do gach uile custaiméir. Tugtar breac-chuntas ann freisin de thiomantas na Roinne a cuid seirbhísí a fheabhsú thar shaolré an phlean. Táthar meáite freisin sa Phlean an Chairt Chustaiméirí agus an Cód Iompair do Chustaiméirí a thaispeáint i ngach ceann dá hoifigí poiblí agus déantar dlúthmhonatóireacht ar chomhlíonadh an tiomantais sin.

Úsáidtear raon meicníochtaí lena chinntiú go seachadann an Roinn na leibhéil is airde seirbhíse dá custaiméirí. I measc na meicníochtaí sin tá fóraim de ghrúpaí ionadaíocha custaiméirí a óstáil chomh maith le moltaí aiseolais a lorg ó chustaiméirí maidir le bealaí inar féidir soláthar agus seachadadh seirbhíse a fheabhsú tríd an gcóras Tuairimí agus Gearán.

Taifeadadh 1,141 tuairim agus gearán i rith na bliana. Réitíodh os cionn 70% díobh laistigh de 15 lá oibre. I gcásanna inar theastaigh breis ama chun an gearán a réiteach, coinníodh an custaiméir ar an eolas maidir le dul chun cinn. Tá líon na ngearán a taifeadadh íseal i gcomhthéacs líon foriomlán na gcustaiméirí a mbíonn déileálacha ag an Roinn leo ag aon tráth.

Dírítear go láidir ar oiliúint seirbhísí do chustaiméirí atá áirithe i ngach forbairt bainistíochta, ionduchtaithe agus oiliúint dírithe ar ról, mar aon le hoiliúint shonrach i seirbhísí do chustaiméirí a chuirtear ar fáil ar fud na Roinne go léir.

I rith 2014, ag teacht le tiomantais sa Phlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí 2013 go dtí 2015, cuireadh nuashonruithe ar fáil do ghrúpaí ionadaíocha custaiméirí ar shaincheisteanna reatha lena n-áirítear:

- Straitéis maidir le hÍocaíochtaí;
- Cosaint Sonraí;
- Scéim Ráthaíochta don Aos Óg;
- Cúram leanaí do rannpháirtithe CE;
- Pinsin Déthaobhacha an AE; agus
- Ré-áiritheoir maidir leis na Buntáistí a bhaineann le bheith ag Obair.

Aistriúcháin agus Ateangaireachtaí

In 2014, rinne an Roinn socrú go n-aistreofaí 350 doiciméad go Gaeilge. Ina theannta sin, aistríodh beagnach 3,500 doiciméad go 50 teanga eile; fuair os cionn 500 cliant cúnamh ó sheirbhísí ateangaireachta; agus bhain 18 gcliant leas as seirbhísí Ateangaire Teanga Chomharthaíochta.

Forbraíodh feidhmchlár nua aistriúcháin agus ateangaireachta in 2014. Leis an bhfeidhmchlár

nua táthar in ann iarratais gan pháipéar ar sheirbhísí aistriúcháin nó ateangaireachta a chur isteach díreach ar líne chuig an Rannán Faisnéise rud a chuirfidh dlús faoi thréimhsí próiseála agus a dhéanfaidh sruthlíniú ar nósanna imeachta riaracháin.

Suíomh Gréasáin na Roinne www.welfare.ie

Leanadh ag cur athruithe ar shuíomh Gréasáin na Roinne, www.welfare.ie in 2014 ag ionchorprú an raon iomlán seirbhísí arna soláthar ag an Roinn agus soláthraítear réimsí tiomanta laistigh den suíomh do chuardaitheoirí poist agus d'fhostóirí.

Cuairteanna chuig www.welfare.ie	2013	2014
Iomlán na gcuairteanna	4,637,985	6,156,153
Cuairteoirí Faoi Leith	2,433,122	3,277,993

Tá roinnt seirbhísí ar líne ar fáil chun:

- oifig na Roinne Coimirce Sóisialaí a aimsiú aon áit sa tír;
- síniú ar líne le haghaidh íocaíocht Cuardaitheora Poist;
- éileamh Cuardaitheora Poist a dhúnadh;
- iarratas a dhéanamh ar shaoire do Chuardaitheoir Poist;
- iarratas a dhéanamh ar thaifead ranníocaíochtaí árachais;
- iarratas a dhéanamh ar ráiteas maidir le híocaíocht a fuarthas;
- tuairisc a thabhairt faoi chalaois amhrasta;
- dul i dteagmháil le rannán sonrach den Roinn;
- tuairim a thabhairt nó gearán a dhéanamh;
- iarratas a dhéanamh ar fhoirm iarratais nó ar fhoilseachán;
- éileamh a dhéanamh ar íocaíocht iomarcaíochta nó dócmhainneachta;
- teidlíocht ar iomarcaíocht reachtúil a ríomh;
- clárú chun post a fháil le Jobs Ireland;
- clárú ar líne le JobsPlus (Fostóirí & Cuardaitheoirí Poist;
- éileamh a dhéanamh ar Íocaíochtaí Pinsean Stáit (Ranníocach), ar Íocaíochtaí Cuardaitheoirí Poist & ar Shochar Leanaí nuair a fhaigheann duine cuireadh sin a dhéanamh; agus
- éileamh a dhéanamh ar líne ar Phinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh.

Fóram Comhairleach d'Imircigh

I rith 2014 leanadh d'obair an Fhóraim Chomhairligh d'Imircigh (MCF). Bunaíodh an fóram in 2012 chun imscrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna a hardaíodh sa tuarascáil *Duine nó Uimhir?,* arna hullmhú ag 3 Eagraíocht Neamhrialtasacha a bhí ag déanamh ionadaíochta ar ghrúpaí imirceacha. Cuimsítear san Fhóram ionadaíocht ó Nasc, Crosscare, Doras Luimni, FLAC agus Pobail Nua, agus roinnt réimsí de chuid na Roinne.

I rith 2014, cuireadh tuarascáil achoimre de ghníomhaíochtaí go dtí seo le chéile. Lean an dul chun cinn maidir le feabhsúcháin ar oiliúint, soláthar faisnéise, treoir scéime, cinnteoireacht, seirbhís do chustaiméirí agus athdhearadh foirmeacha. Thug comhaltaí seachtracha an MCF le fios gur cheap siad go raibh na cruinnithe agus an plé le hoifigigh na Roinne cuiditheach agus fiúntach.
Tá sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar an MCF in 2015.

Saoráil Faisnéise

Tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair ina ndearnadh aisghairm ar na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003.

Tugadh isteach roinnt athruithe ar Shaoráil Faisnéise san Acht nua agus leathnaíodh raon na gcomhlachtaí lena bhfuil feidhm ag reachtaíocht saoráil faisnéise ina leith. Tá gach comhlacht poiblí áirithe anois i reachtaíocht Saoráil faisnéise, mura dtugtar díolúine shonrach dóibh. Tugtar deis don Rialtas freisin ordú (nó sainiú) a thabhairt comhlachtaí eile a fhaigheann cistí suntasacha poiblí a chur san áireamh.

I mí an Mhárta 2014 seoladh córas nua saoráil faisnéise sa Roinn chun próiseáil iarratais a shruthlíniú agus chun tuairiscí agus staitisticí a tháirgeadh ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.

Le cúpla bliain anuas tá méadú suntasach feicthe ar líon na n-iarratas saoráil faisnéise a fuarthas; ó 557 in 2009 go dtí 2,193 in 2014. Bhí méadú garbh 60% ar na hiarratais neamhphearsanta a fuarthas ó tháinig an reachtaíocht nua i bhfeidhm.

Ba ón bpobal 2,070 (94%) de na hiarratais a fuarthas agus iad ag iarraidh cóipeanna dá sonraí pearsanta agus bhain an chuid eile acu le hiarratais neamhphearsanta / mheasctha.

Seachadadh oiliúint agus cruinnithe eolais maidir le shaoráil faisnéise ar os cionn 200 ball foirne in 2014.

caibidil 4

ÉIFEACHTÚLACHT AGUS ÉIFEACHTACHT
CUSPÓIR 2 ~ ÉIFEACHTÚLACHT AGUS ÉIFEACHTACHT
COSTAS A THIOMÁINT

RÉAMHRÁ

Áirítear i gCuspóir 2 de Ráiteas Straitéise 2011 – 2014 na Roinne tiomantas chun éifeachtúlacht costais a fheabhsú i ngach réimse caiteachais d'fhonn:

- luach ar airgead a bhaint amach;
- próisis agus nósanna imeachta a fheabhsú;
- calaois a laghdú;
- smachtbhannaí agus pionóis chuí a bheith i bhfeidhm i gcás ina n-aimsítear calaois;
- ró-íocaíochtaí a ghnóthú ar ais go caoithiúil; agus
- rialachas corparáideach feabhsaithe a bhaint amach.

Chuidigh infheistíochtaí suntasacha i gcumas theicneolaíocht na faisnéise agus cumarsáide leis an Roinn ina hiarracht éifeachtúlacht níos fearr agus feabhsuithe móra a dhéanamh ar an mbealach a dhéanaimid ár gcuid oibre ar son ár gcustaiméirí, ag príomhshruthú oibríochtaí na Roinne, ag laghdú costas agus ag feabhsú feidhmíochta.

Príomhfhorbairt i seachadadh seirbhísí do dhaoine dífhostaithe ab ea an próiseas Intreo a tugadh isteach mar chuid den straitéis *Bealaí chun na hOibre*. D'fheabhsaigh Intreo an bealach ina ndéanann an Roinn a cuid gnó agus d'fheabhsaigh sé an taithí a fhaigheann an custaiméir sa phróiseas sin. I measc na seirbhísí atá ar fáil tá seirbhís fáilte 'ilfhreastail', áit a bhfaigheann an cliant faisnéis iomlán ar bhonn caoithiúil in aon áit amháin; próiseas cinntí aonair, a laghdaíonn go suntasach an t-achar a thógann sé cinneadh a dhéanamh maidir le héileamh; agus seirbhís gníomhachtaithe/fostaíochta chomhtháite, atá deartha chun faisnéis bhunúsach a thabhairt do chliaint maidir lena gcuid teidlíochtaí agus na seirbhísí atá ar fáil dóibh d'fhonn cabhrú leo filleadh ar an obair.

Tá forbairtí eile a tharla le linn 2014 d'fhonn Cuspóir 2 a bhaint amach leagtha amach sa chaibidil seo.

BAINISTÍOCHT AITHEANTAIS & ROCHTAIN SHLÁN AR SHEIRBHÍSÍ

Tá seirbhísí aitheantais cliant (CIS) na Roinne freagrach as raon feidhmeanna bainistíochta aitheantais a sholáthar go hinmheánach don Roinn agus, níos mó ná riamh, do chomhlachtaí poiblí eile. Eisíonn sí agus bainistíonn sí an uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PSP) agus cuireann sí seirbhísí meaitseála sonraí gaolmhar ar fáil d'os cionn 100 comhlacht poiblí atá sonraithe sa reachtaíocht. Bíonn obair mhór ar bun ag an Roinn leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le gníomhaireachtaí seirbhíse poiblí eile chun beartas maidir le bainistíocht aitheantais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PSP)

Cuireann an Roinn seirbhísí bainistíochta aitheantais ar fáil do ghníomhaireachtaí seirbhíse poiblí, ag éascú úsáid níos leithne na huimhreach PSP chun seirbhísí poiblí a sheachadadh, seirbhísí ríomhRialtais a fhorbairt agus córais a fheabhsú chun calaois agus mí-úsáid a rialú.

Leithdháileadh 179,081 uimhir PSP in 2014.

Tionscadal maidir leis an gCárta Seirbhísí Poiblí / Clárú um Chreat Fíordheimhnithe Caighdeánach (SAFE)

Tugadh isteach an Cárta Seirbhísí Poiblí (CSP) chun cur ar chumas daoine aonair rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí ar bhealach níos éifeachtúla gan gá dúbailt oibre a chur orthu féin, agus ag an am céanna cosnaítear a bpríobháideachas chomh mór agus is féidir.

I rith 2014, eisíodh beagnach 700,000 Cárta Seirbhísí Poiblí agus ba ionann sin agus 1.12 milliún líon na gCártaí a eisíodh faoi dheireadh 2014. Áirítear leis os cionn 335,000 Cárta CSP Saorthaistil. Tagann an Cárta Saorthaistil in ionad an phas saorthaistil reatha agus an cárta seirbhísí sóisialta. Cuireann an cárta feabhas mór ar chártaí reatha toisc go dtugann sé rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí. Laghdaíonn sé freisin,

trí ghrianghraf agus síniú agus gnéithe slándála níos fearr a áireamh, go suntasach an baol atá le bradaíl aitheantais, brionnú agus úsáid chalaoiseach.

Tá an Roinn in éineacht leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag obair le cúpla comhlacht poiblí ar an gclár clárúcháin agus eisiúint CSP agus leanfaidh siad á dhéanamh sin.

Cárta Seirbhísí Poiblí

- **Clárú Pearsanta**
  Tá forchéimniú náisiúnta céimnithe na Stáisiún Chlárúcháin SAFE ag leanúint ar aghaidh. Fuair 1,075 ball foirne oiliúint go dtí seo maidir le saoráidí clárúcháin SAFE ag 85 láthair.

- **Próiseas clárúcháin 'poist'**
  Fuair custaiméirí roghnaithe a raibh ag baint leo cuireadh chun leas a bhaint as próiseas clárúcháin 'poist', le toiliú, ina mbaintear úsáid as faisnéis a thugtar cheana féin do ghníomhaireachtaí eile Rialtais, mar shampla, grianghraf a thugtar in éineacht le hiarratas ar phas. Ina theannta sin, tugtar cuireadh do phinsinéirí roghnaithe os cionn 66 a bhailíonn a gcuid íocaíochtaí ag Oifig an Phoist chun clárú tríd an bpost. Tairgeadh an próiseas clárúcháin poist do 350,000 duine go dtí seo.

- **Bogearraí Meaitseála Aghaidhe**
  Cuireadh bogearraí Meaitseála Aghaidhe i bhfeidhm go rathúil i Márta 2013, chun an próiseas clárúcháin SAFE a neartú tuilleadh, a chuidíonn chun clárúcháin SAFE a aimsiú agus chun clárúcháin dúbailte a sheachaint.

  I rith an phróisis clárúcháin SAFE, déanann na bogearraí cuardach ar an ngrianghraf den chustaiméir atá tógtha nó iompórtáilte in aghaidh grianghraf reatha ar bhunachar sonraí na Roinne lena chinntiú nach bhfuil an duine cláraithe cheana féin le haghaidh CSP ag úsáid uimhir Phearsanta Seirbhísí Poiblí difriúil nó tacar sonraí aitheantais eile. I gcás go dtagtar ar mheaits nó ar mheaits féideartha don ghrianghraf braite cuirtear na taifid ábhartha ar aghaidh chuig oifigigh i Seirbhísí Aitheantais Cliant na Roinne chun imscrúdú breise a dhéanamh orthu agus chun iad a réiteach.

  Tá próiseas curtha i bhfeidhm chun cásanna amhrasta de chalaois aitheantais a chur ar aghaidh chuig Aonad Imscrúdaithe Speisialta na Roinne (SIU). Tá 43 chás meaitseála féideartha braite agus curtha ar aghaidh i gcomhair imscrúdaithe; aimsíodh calaois mar thoradh ar 25 de na cásanna a cuireadh ar aghaidh.

  Leanfar den obair sin mar chuid den tionscadal CSP in 2015.

Rialú agus Coigiltis

Baineann calaois leasa shóisialaigh an bonn de mhuinín an phobail sa chóras leasa shóisialaigh, agus níl sé ceart ná cóir do dhaoine eile a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh ná do cháiníocóirí. Tá rialú calaoise agus mí-úsáid an chórais leasa shóisialaigh ar cheann de thrí phríomh-fheidhmeanna na Roinne.

Tá móramh mór na ndaoine ar leas sóisialach ag éileamh na teidlíochta mar is ceart agus atá ag dul dóibh, ach tá mionlach daoine nach bhfuil. Cuireann an Roinn raon beart i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar calaois agus mí-úsáid leasa shóisialaigh a íoslaghdú agus go ndéantar a ghníomhaíocht rialaithe dírithe go cuí.

Is sa chomhthéacs sin, in Aibreán 2014, a d'fhoilsigh an Roinn straitéis nua *Straitéis Cloí agus Frithchalaoise 2014 – 2018*[10]. Tógann an straitéis ar an gcur chuige agus ar an dul chun cinn a rinneadh faoin Tionscnamh Calaoise roimhe seo (2011 – 2013).

Faoin Straitéis 2014 -2018 thug an Roinn cuntas ar raon beart chun calaois a chosc agus a bhrath agus d'fhonn a chinntiú go bhfuil bearta éifeachtacha i bhfeidhm chun fiacha a ghnóthú agus calaois a chosc.

Calaois a Chosc agus a Bhrath

Cuireann an Roinn béim ar rioscaí calaoise a íoslaghdú agus deireadh a chur le híocaíochtaí míchruinne. Leis sin déantar seiceálacha nuair a dhéantar an t-éileamh ar dtús báire, agus neartaítear iad sin trí athbhreithnithe córasacha ar éilimh íocaíochta agus le deimhniú go bhfuiltear ag comhlíonadh na dteidlíochtaí lena n-áirítear athbhreithnithe ar acmhainní, cónaitheacht agus athbhreithnithe leighis. Tá sé riachtanach go leanann an Roinn ag cur lena hiarrachtaí calaois agus earráid a chosc sa chóras ar an gcéad dul síos.

Gnóthú & Díspreagadh Fiach

Tá gá le díspreagadh éifeachtach lena chinntiú gur féidir smachtbhannaí iomchuí a chur i bhfeidhm i gcás ina dtagtar ar chalaois. I gcás ina measann duine atá i mbun calaoise leasa shóisialaigh gur beag pionóis nó smachtbhanna a chuirfear air/uirthi, i gcoibhneas leis an méid atá sé a ghnóthachtáil, ansin spreagfar gníomhaíocht chalaoiseach agus gach seans go leanfar de. Tá an Roinn ag díriú go forghníomhach ar dhaoine a bhfuil ró-íocaíochtaí á ndéanamh leo lena chinntiú go bhfuil gach duine a bhfuil ró-íocaíocht leasa shóisialaigh acu ag déanamh ranníocaíochta i dtreo aisíoc an fhiachais atá le híoc acu. I rith 2014, leathnaíodh fógra maidir le cumhachtaí astaithe chun ró-íocaíochtaí leasa shóisialaigh a ghnóthú ó íocaíochtaí eile Stáit, lena n-áirítear aisíocaíochtaí cánach agus íocaíochtaí iomarcaíochta.

Tá sé mar pholasaí ag an Roinn cásanna calaoise a bhreithniú i gcoinne an chórais leasa shóisialaigh i gcomhair ionchúisimh. Cinntíonn an Roinn go gcuirtear gach cás ar fiú ionchúiseamh a dhéanamh orthu ar aghaidh lena mbreithniú i gcomhair imeachtaí dlí. Nuair a bhíonn cásanna calaoise leasa shóisialaigh á mbreithniú agus á gcur ar aghaidh le haghaidh imeachtaí dlí, cuireann an Roinn caighdeáin dea-chleachtais sainithe agus aitheanta i bhfeidhm. Áirítear leis sin fad na calaoise, an tsuim ró-íoctha, cásanna calaoise leasa shóisialaigh roimhe seo srl.

Ag deireadh 2014, bhí 634 chás (coiriúil agus sibhialta) i gcóras na gcúirteanna (.i. Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit/Aturnae Stáit Áitiúil) ag céimeanna éagsúla den phróiseas.

I rith 2014, cuireadh 201 chás ar aghaidh chuig Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit le haghaidh ionchúiseamh coiriúil, agus cuireadh 115 chás eile

[10] http://www.welfare.ie/ga/downloads/Compliance-and-Anti-Fraud-Strategy-2014-2018-ga.pdf

ar aghaidh chuig an nGarda Síochána lena mbreithniú i gcomhair ionchúisimh faoin Reachtaíocht um Cheartas Coiriúil.

I measc na mbeart nua eile a bhfuil dul chun cinn déanta orthu faoi Straitéis 2014-2018 tá siad seo a leanas:

- teicnící anailíseacha réamh-mheastacha in úsáid chun feabhas a chur ar na modhanna atá i bhfeidhm faoi láthair chun éilimh is dóigh atá calaoiseach a aithint;
- gnóthú fiach feabhsaithe trí chóras nua bainistíochta fiach a chuaigh beo i mí na Samhna; agus
- ó thús mhí na Nollag 2014, cuireadh 20 ball foirne den Gharda Síochána ar iasacht chuig Aonad Imscrúdaithe Speisialta na Roinne. Méadóidh sannadh na n-oifigeach cumas imscrúdaithe na Roinne chun calaois leasa shóisialaigh a chosc, a bhrath agus a dhíspreagadh.

Calaois agus Mí-Úsáid a Thuairisciú

Tá cainéil rochtana, ar líne agus línte teileafóin thiomnaithe, ar fáil do shaoránaigh ar mian leo cásanna calaoise leasa a bhfuil amhras fúthu a thuairisciú. Déantar imscrúdú ar gach tuairisc gan ainm nó rúnda agus nuair is iomchuí, cuirtear ar aghaidh iad le haghaidh gnímh ina dhiaidh sin. Ní chuirtear íocaíocht leasa shóisialaigh ar fionraí agus ní stoptar é díreach bunaithe ar thuairisc gan ainm a thugtar. Ach d'fhéadfaí, mar sin féin, athbhreithniú a dhéanamh ar theidlíocht custaiméara mar gheall ar thuairisc gan ainm a thugtar.

Láimhseáil Rannán Rialaithe na Roinne os cionn 21,000 tuairisc i rith 2014.

An tAonad Imscrúdaithe Speisialta

Déanann Aonad Imscrúdaithe Speisialta (SIU) na Roinne raon leathan gníomhaíochtaí rialaithe agus tograí chun calaois leasa shóisialaigh a imscrúdú. Go háirithe, díríonn sé ar an ngeilleagar folaithe, in earnálacha ina bhfuil calaois leasa shóisialaigh níos coitianta, agus béim ar idirghabháil agus ar rannpháirtíocht dhíreach.

Bhí siad seo a leanas i measc na dtorthaí a baineadh amach in 2014:

- coigiltis rialaithe de €68.1 milliún cruthaithe ó ghníomhaíochtaí rialaithe calaoise an Aonaid;
- mar thoradh ar bheagnach 4,300 imscrúdú ar chásanna cuireadh deireadh nó laghdaíodh íocaíochtaí leasa shóisialaigh;
- rinneadh comhtháthú ar 20 ball ar iasacht den Gharda Síochána chun cuidiú le himscrúduithe calaoise; agus
- i measc na dtionscadal sonrach ar tugadh fúthu bhí siad seo a leanas:
  - neamhchónaitheacht laistigh den Stát;
  - calaois aitheantais;
  - fiosrúcháin ag aerfoirt;
  - earnáil na tógála; agus
  - meaitseáil sonraí leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Meaitseáil sonraí le haghaidh Gníomhaireachtaí

I rith 2014 rinneadh os cionn 84,000 meaitseáil sonraí le haghaidh gníomhaireachtaí seachtracha.

Tugann an feidhmchlár 'Amharc Custaiméara Aonair' (SCV), arna fheidhmiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe thar ceann na Roinne, seirbhísí meaitseála sonraí caighdeánach freisin le haghaidh comhlachtaí seachtracha faoi leith. Is amharc comhdhlúite agus léite amháin ar shonraí Aitheantais Seirbhíse Poiblí (PSI) é Amharc Custaiméara Aonair, a nuashonraítear go tréimhsiúil.

Is é príomhaidhm SCV 'amharc órga' a thabhairt ar chustaiméir de chuid na seirbhíse poiblí trí an fhaisnéis aitheantais is nuaí atá i seilbh roinnt soláthraithe seirbhíse poiblí lena n-áirítear an DSP a chomhcheangal. Níl an SCV ar fáil ach do chomhlachtaí sonraithe.

Rialú Inmheánach

Is é ról Aonad Tacaíochta Rialaithe Inmheánaigh (ICSU) na Roinne na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- comhlíonadh le nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh a fhaire ar fud na Rannán agus aon sáruithe amhrasta ar na nósanna imeachta a imscrúdú;
- calaois inmheánach a d'fhéadfadh a bheith ag tarlú laistigh de na Rannáin agus aon sáruithe amhrasta tuairiscithe ar chosaint sonraí sa Roinn a imscrúdú; agus
- imscrúduithe ar Chód Disciplíne na Státseirbhíse a dhéanamh ar iarratas an Oifigigh Phearsanra.

I rith 2014, rinneadh 28 imscrúdú Intreo, Áitiúil/Brainse/Oifig Rialaithe agus 29 imscrúdú Leasa Pobail. Cuireadh aon saincheisteanna maidir le rialú inmheánach faoi bhráid na bainistíochta áitiúla agus, nuair ba ghá, rinneadh moltaí chun na bearta rialaithe atá ann cheana a neartú. Cuireadh seimineáir maidir le Feasacht um Rialú Inmheánach ar fáil d'fhoirne ag 8 suíomh i rith na bliana.

caibidil 5

ACMHAINNÍ OIBRÍOCHTA
CUSPÓIR 3 ~ AN FHOIREANN, STRUCHTÚIR AGUS PRÓISIS A FHORBAIRT

RÉAMHRÁ

Áirítear i gCuspóir 3 de Ráiteas Straitéise 2011 – 2014 na Roinne tiomantas chun an acmhainn iomchuí a fhorbairt chun an sainordú a fuair an Roinn ón Rialtas a sheachadadh, d'fhonn eagraíocht a chur ar fáil atá in ann seirbhísí gan uaim a sholáthar do chliaint ar bhealach réamhghníomhach, éifeachtúil agus éifeachtach.

Tá na forbairtí a rinneadh i rith 2014 chun Cuspóir 3 a bhaint amach leagtha síos sa chaibidil seo.

BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ DAONNA (AD)

I suirbhéanna a rinneadh le déanaí fuarthas amach cén taithí atá ag an bhfoireann maidir le cumarsáid, rannpháirtíocht, obair fhoirne agus iontaoibh san eagraíocht agus a gcuid tuairimí maidir le conas a bhainistíonn agus a láimhseálann siad athrú, sainaithníodh go leor gnéithe dearfacha faoi rannpháirtíocht agus spreagadh na foirne ar fud na Roinne ar fad. D'aithin siad freisin príomhréimsí inar féidir feabhsúcháin a dhéanamh chun an áit oibre a fheabhsú don fhoireann agus acmhainn a thógáil chun bainistiú ceart a dhéanamh ar athrú.

Cuireadh na tionscnaimh sin go léir le chéile i gclár nua, agus fócas straitéiseach ar fhorbairt eagraíochtúil, ar a dtugtar RCS Amháin. Is clár fadréimseach é an clár RCS Amháin maidir le forbairt eagraíochtúil, atá deartha chun comhtháthú fhórsa oibre na Roinne atá méadaithe go mór a neartú le blianta beaga anuas.

RCS Amháin
ATHRÚ LE CHÉILE

Clár Forbartha Eagraíochtúil – Athbhreithniú ar Chultúr agus ar Luachanna

Príomhshraith den Chlár RCS Amháin is ea tionscnamh chun tuiscint níos fearr a fháil ar chultúr agus ar luachanna na Roinne agus iad a chur in iúl. Tá sé riachtanach go mbíonn ár gcultúr agus ár luachanna ar aon dul leis an timpeallacht oibre agus le luachanna atá luaite go soiléir atá in ann a bheith mar threoir ag tosaíochtaí agus cabhrú chun an próiseas cinnteoireachta a threorú freisin.

San athbhreithniú a rinneadh ar an gcultúr agus ar na luachanna reatha bhí go leor plé ar bun leis an bhfoireann, daoine ó chúlraí, láithreacha agus ó ghráid éagsúla. Cabhróidh torthaí an athbhreithnithe chun aitheantas nua coiteann a chruthú, a thacaíonn ar bhealach níos fearr le sainordú na Roinne agus a fheabhsaíonn an timpeallacht oibre don fhoireann ar fad.

Clár Rannpháirtíochta & Nuálaíochta

Clár Rannpháirtíochta & Nuálaíochta Comhaltaí den Fhoireann Ceannaireachta Réigiúnaí (ag déanamh ionadaíochta ar an Lár-Réigiún ó Thuaidh An Lár-Réigiún Thiar An tIardheisceart Corcaigh Láir, Oirdheisceart An Lár-Réigiún Theas (C-D) John Lyne, Marie O'Flynn, Ann Hunt, Neil Kelly, Jacinta Thompson, Noreen Connolly, Moira Haslam, John Buggy, Teresa Barrett

Tá clár rannpháirtíochta agus nuálaíochta á chur i bhfeidhm ar fud na Roinne d'fhonn an fhoireann a dhéanamh rannpháirteach agus d'fhonn cumhacht a thabhairt dóibh agus nuálaíocht a éascú ar fud na heagraíochta go léir. Tá sé mar aidhm ag an gclár an fhoireann a spreagadh agus tacú leo a bheith rannpháirteach agus

rannchuidiú leis na hathruithe a mbíonn tionchar acu ar a gcuid oibre ó lá go lá. Tá roinnt struchtúr foirne ceannaireachta ardleibhéil bunaithe chun treoir straitéiseach a thabhairt don chlár agus chun rannpháirtíocht iomlán a spreagadh ar bhonn áitiúil.

Ó 2013 i leith tá 65 fhoireann ceannaireachta Tionscadail áitiúil bunaithe. Tá tionscadail nua straitéiseacha á mbreithniú faoi láthair faoi threoir na foirne ceannaireachta straitéisí agus tá tuarascálacha atá ann cheana á gcur i bhfeidhm. Déanfar measúnacht in 2015 ar éifeachtacht agus ar struchtúr an chláir rannpháirtíochta agus nuálaíochta. Chomh maith leis sin, tugann an clár deiseanna le haghaidh comhoibriú agus rannpháirtíochta trasfheidhme.

Seirbhísí Comhroinnte AD

Rinne an Roinn an t-aistriú chuig PeoplePoint, Seirbhís Chomhroinnte nua AD, i mí Feabhra 2014. Cuireann an tseirbhís ar chumas na foirne a bpróifíl AD a bhainistiú agus gnó AD trasghníomhaíochta a dhéanamh trí thairseach ar fud na seirbhíse sibhialta trí shaoráid Féinseirbhíse d'Fhostaithe. Déanann bainisteoirí, dá réir sin, bainistiú ar na hidirbhearta sin agus as neamhláithreacht trí shaoráid Féinseirbhíse an Bhainisteora.

Tá athstruchtúrú déanta ar an Rannán AD sa Roinn Coimirce Sóisialaí ag teacht le ceanglais ghnó i ndiaidh an aistrithe chuig seirbhísí comhroinnte.

Oiliúint agus Forbairt Foirne

Tá Aonad Forbartha Foirne na Roinne (SDU) freagrach as cláir oiliúna agus forbartha a phleanáil agus a sholáthar don fhoireann agus don bhainistíocht sa Roinn Coimirce Sóisialaí. Déanann an t-aonad forbairt, seachadadh agus maoirseacht ar sholáthar oiliúna ar ardchaighdeán i ngach réimse gnó den Roinn d'fhonn tacú leis an bpróiseas comhtháthaithe agus a chinntiú go mbeidh ar chumas na foirne go léir a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach.

Cuireadh beagnach 11,000 áit oiliúna ar fáil i rith 2014, ionann le 8,300 lá oiliúna iomlán).

In 2014, bhronn an tÚdarás Náisiúnta um Chaighdeáin na hÉireann an Gradam Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe (ETP) ar an Aonad Forbartha Foirne faoin Scéim Náisiúnta um Bainistíocht Acmhainní Daonna.

Clár Foghlama RCS Amháin

Mar chuid den Chlár RCS Amháin, thug an Roinn faoi thionscnamh lárnach chun cláir foghlama agus forbartha a athbhreithniú agus a athdhearadh don fhoireann a bhfuil róil túslíne acu. Mar thoradh air sin forbraíodh curaclam nua ina bhfuil 70 modúil oiliúna ina léirítear na róil agus na feidhmeanna thar sheirbhísí túslíne arna soláthar ag DSP.

Tá an Roinn ag tabhairt faoi obair chun creidiúnú a bhaint amach le haghaidh cláir bunaithe ar an gcuraclam sin.

Intreo

Rinneadh dul chun cinn in 2014 ar bhunú seirbhíse sochar agus fostaíochta poiblí aonair ("ionad ilfhreastail") a bheidh comhtháite go hiomlán agus a chuirfear ar fáil go háitiúil, agus rinneadh é sin trí oifigí áitiúla agus oifigí Seirbhísí Fostaíochta a bhí ann roimhe seo a aistriú chuig an tsamhail oibriúcháin nua atá ag Intreo.

Thug SDU raon tacaíochtaí do bhainistíocht agus d'oiliúnaithe áitiúla in 2014 chun cabhrú le forchéimniú na n-ionad Intreo ar fud líonra rannach DSP. I measc na dtacaíochtaí sin soláthraíodh oiliúint in Idirghabháil Géarchéime Neamh-Fhoréigneach do 744 fhoireann rannáin, agus soláthraíodh oiliúint d'Oifigigh Cinnteoireachta do 390 lucht foirne. Cuireadh oiliúint i seirbhís do chustaiméirí ar fáil do 79 mball foirne.

An Tánaiste agus an tAire Coimirce Sóisialaí, Joan Burton T.D, in éineacht le foireann na Roinne, Vincent Drohan, Lisa Sheedy, agus Jim Lynch, ag oscailt oifigiúil Ionad Intreo Luimnigh

Tacaíochtaí Foghlama agus Forbartha d'Oifigigh Cásanna

In 2014, mar chuid d'fhorchéimniú sheirbhís nua Intreo na Roinne ar fud na tíre, cuireadh tionscadal i gcrích chun 300 Oifigeach Cásanna atá nua-aitheanta a chur faoi oiliúint mar chuid de dhianchlár deich-lá a forbraíodh go hinmheánach. Ina theannta sin, cuireadh struchtúr tacaíochta foirmiúil i bhfeidhm d'Oifigigh Cásanna ar fud 13 Rannán na Roinne, i bhfoirm Clár Foghlama Gníomhaíochta tiomnaithe. Tugann cláir den sórt sin deiseanna forbartha d'Oifigigh Cásanna áit a ndéantar smaointe agus saincheisteanna gnó a iniúchadh agus a fhorbairt. In 2014, bhí 152 Oifigeach Cásanna rannpháirteach in oiliúint ghrúpa ar fud 13 Rannán.

Oiliúint Forbartha Ghairmiúil do Bhainisteoirí

Leanadh ag tairiscint clár oiliúna i mbainistíocht agus i gceannaireacht (go hinmheánach) do gach grád bainistíochta trí chláir um bhainistíocht éifeachtach, um cheannaireacht agus fhorbairt bainistíochta sinsearaí.

Foireann faoi Mhíchumas

Tugann an Roinn tacaíocht d'fhoireann a bhfuil míchumais ag dul dóibh. I measc na dtacaíochtaí tugtar cóiríocht san ionad oibre, taighde agus faisnéis faoi réimsí a bhaineann le míchumas, agus tacaíochtaí oiliúna agus teicneolaíochta. Fuair 132 oifigeach faoi mhíchumas cúnamh in 2014.

Lean an Roinn ag cur an Chláir WAM chun cinn (Toilteanach, Ábalta agus Meantóireacht), ina dtairgtear deis do chéimithe faoi mhíchumas socrúcháin oibre faoi mheantóireacht íoctha a fháil ar feadh 6 mhí. Tugadh deiseanna do cheathrar rannpháirtithe tríd an gclár sin in 2014.

Helen Faughnan & Noel Hand, Comhdháil um Bainistíocht Athruithe Intreo, Deireadh Fómhair 2014

Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí

Tá an Roinn tiomanta do chuspóirí Phlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí 2014 – 2016[11] a chomhlíonadh, a lainseáil an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Eanáir 2014.

Tugtar imlíne i bplean comhtháite ardleibhéil um sheachadadh athchóirithe na Roinne ar phríomh-chlochmhílte na Roinne faoi na cláir athchóirithe éagsúla agus tá raon leathan tiomantas sonrach ann a bhaineann le hathchóiriú na heagraíochta, mar aon le gnéithe trasghearraitheacha de chlár oibre athchóirithe an Rialtais. Má táthar chun plean gníomhaíochta na Roinne a chur i bhfeidhm go hiomlán beidh athrú ollmhór ag teastáil san eagraíocht. I measc na n-athruithe sin beidh athruithe ar an struchtúr, ar phróisis ghnó, ar chórais riaracháin, oibriúcháin agus rialachais, ar chleachtais agus ar nósanna imeachta agus tá tacaíocht aige sin ó acmhainní daonna suntasacha agus athruithe TFC.

[11] http://reformplan.per.gov.ie/

Plean Athnuachana na Státseirbhíse

Bhí baint ag an Roinn le cur i bhfeidhm Phlean Athnuachana na Státseirbhíse, ó lainseáladh é i mí Dheireadh Fómhair 2014.

Ionchorpraítear sa Phlean Athnuachana fís agus plean gníomhaíochta trí bliana chun Státseirbhís na hÉireann a athnuachan. Is de bharr obair dhá ghrúpa ar leithligh ach a bhfuil baint acu le chéile atá an plean seo á chur i dtoll a chéile an Painéal Neamhspleách ar Chuntasacht agus Feidhmíocht a neartú sa Státseirbhís, agus Tascfhórsa Athnuachana na Státseirbhíse – agus státseirbhísigh as gach Roinn Rialtais mar chuid de.

FÍS AMHÁIN STÁTSEIRBHÍS

Mar chuid den phróiseas rannpháirtíochta le haghaidh an chláir athnuachana bhí comhairliúcháin duine ar dhuine le beagnach 2,000 ball foirne agus páirtí leasmhar chun a dtuairimí a fháil ar cad is fearr a oibríonn sa státseirbhís, agus cad ba chóir a athrú. Ina theannta sin, fuair Airí Rialtais, comhaltaí de dhá Theach an Oireachtais, ceannairí na Ranna agus na nOifigí Stáit, chomh maith le daoine as an bpobal, páirtithe idirnáisiúnta agus sainchomhlachtaí, cuireadh chun a bheith rannpháirteach.

Díríonn an Plean Athnuachana ar athrú praiticiúil a thiomáint chun cinn trí 25 ghníomh shonracha i gceithre phríomh-réimse:

- **Aontaithe –** An státseirbhís a bhainistiú mar eagraíocht aonair aontaithe;
- **Gairmiúil –** Feidhmíocht agus cumas gach fostaí agus eagraíocht de na státseirbhíse a uasmhéadú;
- **Freagrúil –** Ár gcultúr, struchtúr agus ár bpróisis a athrú ionas go mbeimid níos lúfaire, solúbtha agus níos freagrúla;
- **Oscailte agus Cuntasach** – Ag foghlaim agus ag feabhsú go leanúnach trí bheith sásta éisteacht le smaointe seachtracha, agus a bheith sásta tabhairt faoi dhúshláin agus a bheith rannpháirteach i ndíospóireacht.

Forbairt Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide

Clár Nuachóirithe um Sheachadadh Seirbhíse

Leanann tionscnaimh claochlaithe agus nuachóirithe gnó na Roinne ag soláthar deiseanna le haghaidh scileanna agus acmhainn na foirne a fhorbairt agus a leathnú. Tá baint ag foireann na Roinne le gach gné d'fhorbairt na gcóras nua agus ar aistriú scéimeanna ó chórais oidhreachta.

Cuireadh roinnt tionscadal i bhfeidhm chun feidhmiúlacht a thabhairt maidir le córas comhtháite nua-aimseartha na Roinne, cur i bhfeidhm shamhail oibiachta gnó (BOMi), agus é mar aidhm príomhbhuntáistí gnó a sheachadadh agus tacú le seachadadh seirbhísí ar ardchaighdeán dár gcliaint. Samhlaítear go gcuimseofar sa BOMi gach scéim agus seirbhís arna riar ag an Roinn. Is ionann scéimeanna ar an BOMi faoi láthair agus thart ar 80% d'ualach éilimh na Roinne, agus an BOMi freagrach faoi láthair as íocaíochtaí a eisiúint go díreach go os cionn 2 mhilliún cliant, arb ionann é agus €10 billiún in aghaidh na bliana.

Ba ionann an caiteachas ar gach tionscadal nuachóirithe a bhain le seachadadh seirbhíse in 2014 agus thart ar €13,296 milliún.

Baineadh amach na ceithre phríomh-chlochmhíle seo a leanas i rith 2014:

- **Scéim um Shochair agus Cúnamh Inghnóthaithe**
  In 2014, tugadh feidhmiúlacht nua isteach

ina ligtear don Roinn, íocaíochtaí a rinneadh le custaiméir maidir leis na scéimeanna seo a leanas a ghnóthú ó Chúititheoir: Sochar Breoiteachta, Sochar Cumais Pháirtigh, Sochar Díobhála; méadú ar Phinsean Míchumais (Forlíonadh Éagumais); agus Pinsean Easláine, mar chuid de phróiseas socraithe éilimh. Iarrtar ar chúititheoirí iarratas a dhéanamh ar ráiteas de shochair inghnóthaithe ó DSP sula socraítear cásanna. Éascaíonn feidhmiúlacht na Scéime um Shochair agus Cúnamh Inghnóthaithe ráitis de shochair inghnóthaithe a eisiúint do na páirtithe ábhartha.

- **Scéim Coimisiúin Magdalen**
  Mar thoradh ar Choimisiún Neachtlanna Magdalene (MCS), cuireadh feidhm nua íocaíochta i bhfeidhm (ar BOMi) in 2014, ina dtugtar deis don Roinn íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir leis an scéim seo.

Comhdháil um Bainistíocht Athruithe Intreo, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Deireadh Fómhair 2014

- **Forbairt Seirbhísí Réigiúnacha**
  In 2014, lean Forbairt Seirbhísí Réigiúnacha (RSD) ag forchéimniú feabhsuithe (ar BOMi) agus é mar aidhm seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a fheabhsú don fhoireann rannach. Tá síniú agus scanadh leictreonach anois i bhfeidhm i ngach oifig agus tá tacaíochtaí eile ar fáil anois don fhoireann chun cúnamh a thabhairt le próiseáil na n-éileamh.

  Ag tógáil ar na forbairtí sin, tugadh faoi thionscadal imscrúdaithe féinseirbhíse ar an ngréasán a thug treoir maidir le forbairt, atá ar siúl anois, feidhmchláir gréasáin a thabharfaidh eispéireas úsáideora níos fearr don saoránach trí shuíomh gréasáin slán agus inscálaithe don phobal.

- **Gníomhachtú agus Bainistiú Cásanna**
  Áirítear leis an tsamhail seirbhíse Intreo gníomhachtú agus bainistiú cásanna cuardaitheoirí poist, chun tacú leo filleadh ar fhostaíocht. Laistigh den phróiseas sin tugtar cuireadh do chuardaitheoirí poist chuig seisiún Faisnéise Grúpa, agus ansin bíonn sraith cruinnithe pearsanta acu le hOifigeach Cásanna. Is é aidhm na gcruinnithe sin teacht ar chomhaontú maidir le Plean um Dhul Chun Cinn Pearsanta agus an dul chun cinn a athbhreithniú.

  Rinne an Roinn méadú mór ar líon agus ar éifeachtacht na dtarchur gníomhachtaithe le blianta beaga anuas tríd an bpróiseas Faisnéise Grúpa.

  Ba ionann líon na dtarchur Faisnéise Grúpa ó Eanáir go dtí Nollaig 2014 agus 186,000 i gcomparáid le 122,000 in 2013. Ba ionann líon na dtarchur duine ar dhuine (lena n-áirítear tarchuir dhíreacha agus iar-Fhaisnéis Grúpa ó Eanáir go dtí Deireadh Fómhair 2014 agus 138,300, i gcomparáid le 112,000 in 2013.

  Mar gheall ar na rátaí freastail fheabhsaithe ag agallaimh duine ar dhuine a baineadh amach mar thoradh ar an tionscnamh Faisnéise Grúpa, tháinig méadú ar líon iarbhír na n-agallamh a cuireadh i gcrích tríd an bpróiseas tarchuir in Eanáir - Nollaig ó 95,300 in 2013, go dtí 120,300 in 2014.

  As an 64,200 duine a raibh agallaimh ghníomhachtaithe duine ar dhuine acu sa tréimhse ó Bhealtaine go Deireadh Fómhair 2014, taifeadadh 52% mar dhaoine a raibh dul chun cinn déanta acu nó nach raibh ag fáil aon sochar níos mó i lár Eanáir 2015.

- **Cárta Seirbhísí Poiblí**
  Tá forchéimniú an Chárta Seirbhísí Poiblí (CSP) ag leanúint ar aghaidh. Mar thoradh ar fhorbairtí ar an gcóras táthar in ann clárú i gcomhair CSP anois ag 85 ionad ar fud na

tíre. Tá Clárú Próisis Laghdaithe tairgthe anois d'os cionn 340,000 custaiméir roghnaithe.

- **Tionscadal Seirbhíse Comhroinnte Faisnéise maidir le hAcmhainní**

  Tá an Tionscadal Seirbhíse Comhroinnte Faisnéise maidir le hAcmhainní (MISS) i bhfeidhm ó 2013. Is é cuspóir an tionscadail faisnéis maidir le hacmhainní cliant atá bailithe ag an Roinn a chomhroinnt le comhlachtaí eile sa tseirbhís phoiblí.

  Tá an feidhmchlár Gréasáin MISS ar siúl mar threoirthionscadal ag Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas faoi láthair. In 2014, rinneadh obair bhreise chun sonraí gaolmhara a bhaineann le hacmhainní (sonraí MISS) a dhéanamh inrochtana do Thacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) Meastar go ndéanfar feabhsuithe breise ar MISS in 2015. Áireofar leis an obair sin cur i bhfeidhm sheirbhís fíordheimhnithe agus iniúchóireachta inscálaithe atá á forbairt faoi láthair le haghaidh SUSI.

- **Córas Cuntasaíochta maidir le Fiach agus Fáltais (DRAS)**

  In 2014, forbraíodh córas nua chun feidhmeanna Bainistiú Fiach na Roinne a bhainistiú mar aon le córas nua cuntasaíochta agus fáltais airgid le haghaidh idirbheart fiachais agus neamhfhiachais. Chuir an Córas Cuntasaíochta maidir le Fiach agus Fáltais (DRAS) síneadh ar an bhfeidhmiúlacht ghnóthaithe le haghaidh fiach neamh-DSP a asbhaint ag an bhfoinse.

  Tá córas aonair anois ag an Roinn le haghaidh gach gníomhaíocht bainistiú fiach agus fáltais airgid laistigh den Roinn. Rinneadh uathoibriú leis an gcóras nua ar chumarsáid agus ar ghnóthú (tríd asbhaint ag an bhfoinse) agus é mar aidhm leis an fheidhmiúlacht chuntasaíochta maidir le fiacha uile DSP a nuachóiriú agus aon iarratais ar asbhaint ag an bhfoinse a dhéantar go seachtrach.

- **Tionscadal um Shamhlacha Anailíseacha Réamh-mheastacha**

  In 2014, thug an Roinn faoi sholáthar le haghaidh Tacaíocht Chomhairleachta le haghaidh réitigh um shamhlacha anailíseacha réamh-mheastacha chun clár rialaithe reatha na Roinne a fheabhsú. Tá an Roinn ag iarraidh éifeachtacht agus éifeachtúlacht a cuid gníomhaíochta rialaithe reatha a fheabhsú trí anailís ar mhéideanna móra sonraí d'fhonn teacht ar phatrúin chasta a úsáidfear chun calaois agus neamhchomhlíonadh a shainaithint. Cuirfidh sé sin ar chumas na Roinne díriú ar chásanna ardriosca atá le himscrúdú agus é sin a dhéanamh níos tapúla. Leis sin bítear in ann acmhainní imscrúdaithe a dhíriú ar chásanna ardriosca agus a bhfuil toradh níos airde ag baint leo a mhéadóidh, sa deireadh thiar, na torthaí in aghaidh an imscrúdaithe agus a laghdóidh an caiteachas foriomlán ar leas sóisialach.

  Cuireadh an tionscadal ar bun i mí na Samhna 2014 agus beidh sé ar siúl ar feadh tréimhse dhá bhliain.

- **Pleanáil san Ionad Oibre agus Acmhainneacht Inmheánach a Thógáil don Rannán IS**

  Mar chuid de straitéis pleanála na Roinne d'ionaid oibre agus chun deiseanna a chur ar fáil chun scileanna agus acmhainní fhoireann na Roinne a fhorbairt agus a leathnú, tá aonad forbartha agus oiliúna tiomnaithe ag an Rannán Córas Faisnéise (ISD) a eagraíonn cúrsaí agus seimineáir oiliúna sonracha ar theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC), coinníonn sé leabharlann theicniúil chuimsitheach agus tugann sé rochtain don fhoireann ISD chun taighde a dhéanamh ar sheirbhísí agus ar imeachtaí.

  Socraíodh 35 chúrsa oiliúna éagsúla le haghaidh 135 ball foirne ISD, ionann le 111 lá oiliúna. Tacaíonn an t-aonad forbartha foirne ISD freisin le hoiliúint córais don

fhoireann túslíne agus in 2014 d'éascaigh sé 73 imeacht le haghaidh 1,000 ball foirne.

- **Inlíon na Roinne Coimirce Sóisialaí (Stór)**



Cuma Nua ar Stór

I rith 2014, síneadh ról na tairsí corparáidí (Stór) mar an phríomh-uirlis comhoibrithe agus cumarsáide sa Roinn, agus tugadh tacaíocht fheabhsaithe d'obair chomhroinnte agus do chomhoibriú ar fud na Roinne agus tugadh tacaíocht do chlár RCS Amháin Ag Athrú le Chéile.

I measc forbairtí in 2014 leanadh de chlár suntasach oibre chun uasghrádú a dhéanamh ar an mbonneagar tairsí agus chun láithreáin foirne agus iarratais ghnó a aistriú chuig an mbonneagar nua.

Tugadh faoi obair freisin chun suíomhanna ar an tairseach a athdhearadh, lena n-áirítear an leathanach baile, d'fhonn taithí níos fearr a thabhairt don úsáideoir agus tacú le tionscnaimh nua agus le struchtúir nua eagraíochtúla sa Roinn. Tugann athdhearadh shuíomh an Aonaid Tacaíochta Réigiúnaí, ag ionchorprú limistéar sainithe le haghaidh Cigirí, rochtain níos fearr ar fhaisnéis ábhartha don fhoireann in ionaid Intreo na Roinne ar fud na tíre.

Seoladh suíomh athdheartha freisin don Aonad Forbartha Foirne agus rinneadh é in am chun tacú le forchéimniú Tionscnamh nua Foghlama RCS Amháin ar fud na Roinne.

I measc na bhforbairtí agus na bhfeabhsúchán ar fheidhmchláir ar Stór bhí siad seo a leanas:

- ag tacú le tionscnaimh agus le cláir oibre nua cosúil le Rannpháirtíocht Fostóirí, cláir Tús & Gateway;
- feabhsúcháin ar an iarratas próiseála éilimh ar JobsPlus;
- feabhsúcháin ar fheidhmchlár rianaithe PQ na Roinne agus ar fheidhmchlár d'uiríll Aireachta (REPS);
- forbraíodh feidhmchlár nua chun iarratais ar Aistriúcháin agus Ateangaireacht a éascú; agus
- cuireadh feabhsúcháin ar an bhfeidhmchlár bainistíochta riosca agus pleanála gnó (BPRM).

Bainistíocht Airgeadais

Íocaíochtaí Pras

I rith 2014 bhí 158 íocaíocht dhéanach arbh ionann iad agus 3.8% d'íocaíochtaí a rinneadh le soláthraithe. Ba ionann agus €9,840.77 ús agus cúiteamh de bharr íocaíochtaí pras.

Modhanna Íocaíochta

Tá faighteoirí leasa shóisialaigh fós in ann roghnú as raon roghanna íocaíochta á dtairiscint ag an Roinn lena n-áirítear íocaíocht leictreonach chuig oifig phoist áitiúil, cuntas bainc nó cumann foirgníochta agus comhair chreidmheasa a bhfuil faomhadh rialachais airgeadais acu. Tugann réamhfhigiúirí le fios gur tháinig méadú de thart ar 2% ar leibhéal na n-íocaíochtaí a eisíodh do chliaint go leictreonach in 2014, agus é anois ag os cionn 47% agus seasamh beagnach cothrom anois ag íocaíochtaí in airgead tirim agus íocaíochtaí leictreonacha. Níor tháinig aon athrú ag íocaíochtaí seic do chliaint ag 5%.

I rith 2014, thug an Roinn faoi thaighde ar na socruithe íocaíochta do chliaint leasa shóisialaigh i ndlínsí eile ina bhfuil íocaíochtaí leictreonacha ar an ngnáthmhodh íocaíochta. Cé nach bhfuil sé éasca córais íocaíochta agus rialaithe a chur i gcomparáid le chéile, is léir go bhfuil Éire ar an imeall ó thaobh leibhéal na n-íocaíochtaí airgid thirim a dhéantar le cliaint leasa shóisialaigh. I measc na bpríomhtheachtaireachtaí a tháinig ón

taighde bhí an tábhacht atá le faisnéis fheabhsaithe do chliaint chun an baol calaoise agus earráide do chustaiméirí a laghdú; an gá le líon na n-íocaíochtaí seic a laghdú; an cumas atá ann socruithe comhroinnte sonraí a fheabhsú; gá atá le híocaíochtaí a bhaineann le breoiteacht a mhéadú; agus idirdhealú idir íocaíochtaí cliant agus fíordheimhniú.

Rialachas Tionscadail agus Beartas Soláthair

Ceadaíonn agus faomhann an Coiste Rialachais Tionscadail (PGC), coiste de chuid an Bhoird Bainistíochta, cláir agus tionscadail agus déanann sé monatóireacht ar dhul chun cinn agus ar chaiteachas tionscadail. Déantar luacháil ar thograí tionscadail agus tugtar tús áite dóibh, agus sanntar buiséid agus acmhainní ag teacht le Ráiteas Straitéise agus le pleananna gnó na Roinne. Dírítear go háirithe ar thosaíochtaí a chur ar aon líne leis an gClár don Rialtas agus le clár Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí. Déanann an PGC maoirseacht lena chinntiú go gcuirtear dea-chleachtas i bhfeidhm maidir le bainistiú clár agus tionscadal agus i ngach ábhar a bhaineann le soláthar.

Tá sé mar aidhm ag an Roinn luach ar airgead a bhaint amach i soláthar earraí agus seirbhísí agus tá sí meáite ar a bheith rannpháirteach go hiomlán i dtionscnaimh athchóirithe soláthair phoiblí na hOifige um Sholáthar Rialtais.

Tá tuilleadh eolais maidir le beartas soláthair agus conarthaí na Roinne ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne[12].

ÉIFEACHTACHT AGUS FEASACHT FUINNIMH

In 2014, lean an Roinn ag obair leis an SEAI agus le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW) trína fheachtas éifeachtacht fuinnimh *Úsáid Fuinnimh ag an Obair a Bharrfheabhsú / Optimising Power @ Work* Díríodh san fheachtas ar 41 d'oifigí móra na Roinne, agus dá bharr sin rinneadh coigiltis mhóra go príomha trí rannpháirtíocht foirne agus trí thionscnaimh gan chostas a chur i bhfeidhm.

Ag Dámhachtainí Réigiúnacha/Náisiúnta an OPW 2014 ag a dtugtar aitheantas do na saoráidí is fearr a bhíonn rannpháirteach ó thaobh na gcoigilteas a bhaintear amach agus rannpháirtíocht, fuair an Roinn 7 gcinn de dhuaiseanna as a cuid foirgnimh.

In éineacht le coigiltis in Éifeachtacht Fuinnimh ar na foirgnimh aonair faoin bhfeachtas *Úsáid Fuinnimh ag an Obair a Bharrfheabhsú,* bhain an Roinn coigiltis fuinnimh amach freisin trí cuíchóiriú a bpunann foirgneamh ó thart ar 600 foirgneamh in 2013 go dtí 400 foirgneamh in 2014. Leanfar den chlár cuíchóirithe sin in 2015 agus déanfar breis forchéimnithe ar oifigí nua Intreo a ghinfidh breise coigilteas fuinnimh de réir na rialachán nua foirgníochta.

Leanann an Roinn ag cinntiú go n-áirítear forálacha um Sholáthar Glas le beartais Soláthair sa Roinn. Tá critéir um éifeachtacht fuinnimh áirithe in Iarratais ar Thairiscintí nuair is iomchuí, lena n-áirítear trealamh TF agus trealamh neamh-TF. Déantar fuinneamh, lena n-áirítear leictreachas, a sholáthar go lárnach tríd an Oifig um Sholáthar Rialtais d'fhonn coigiltis a bhaint amach trí bharainneachtaí scála.

[12] http://www.welfare.ie/en/Pages/Procurement-Policy.aspx.

aguisíní

AGUISÍN 1

STRUCHTÚR NA HEAGRAÍOCHTA 2014

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection
www.welfare.ie

Ard-Rúnaí
Niamh O'Donoghue

Geraldine Gleeson
Príomhoifigeach Achomharc

Leas-POA
Cathy Barron

Iniúchadh Inmheánach
Seamus Quinn

Leas Rúnaí
Anne Vaughan

Dr Clem Leech
Príomhchomhairleoir Leighis

Leas PCL
Devesh Singh

John Conlon
Rúnaí Cúnta

Airgeadas
Jim McDonnell

Buiséad
Denis Moynihan

ÁSPC/Scóip/R+I
Mary Kennedy

Reachtaíocht/Pleanáil
Brian Duff

DAO/FOI
Anne McManus

Seirbhísí Corparáideacha
Joan McMahon

Comhlíonadh Maoionithe AE
Siobhan Lawlor

Patricia Murphy
Rúnaí Cúnta

Beartas & Seirbísí AD
Celine Moore

Folúntas
Ciaran Lawler

Saoráidí
Eoghan Ryan

AE Idirnáisiúnta
Mary O'Sullivan

Tim Duggan
Rúnaí Cúnta

Straitéis Íocaíochtaí
Siobhan Lawlor

CIS
Richard Shine

Pinsin Rann/Beartas HHB
Helen McDonald

Pinsin / CIB
Faisnéis / MABS
Anne Marie Cassidy

Pinsin N.rann/HHB
Miriam Finnegan

Michael Bunyan
Rúnaí Cúnta

Ailtire Fiontraíochta
Alan Flynn

Innealtóir Bogearra
John Bohan

Bonneagar
Kevin Coady

Seachadadh Seirbhíse
Victor Galvin

Athchóiriú DRIM/PS
pleanáil Tionscadal TFC
Daragh O'Connor

Ailtire Gnó
Paul O'Meara

Kathleen Stack
Rúnaí Cúnta

Rialú/ SIU
Deirdre Shanley

Phil Cox

Beartas Ops - FEAD,
Scéim Aoise, Tacaíochtaí
Fostóirí
Noel Hand
Barry Kennedy
TJ Fleming
Mary Donnelly

Helen Faughnan
Rúnaí Cúnta

Lár Tíre Thuaidh
Des Henry

Iarthar Láir
Jim Lynch

Iarcheisceart
Neil Kelly

Corcaigh Lár
Maria Hurley

Oirdheisceart
Liam Daly

Lár Tíre ó Dheas
Veronica O'Brien

SWA
Jackie Harrington

Oliver Egan
Rúnaí Cúnta

BÁC Thuaidh
Paul Carroll

BÁC Theas
Fiona Ward

BÁC Lár
Dave Dillon

Laighin Láir
Donal Spellman

Iarthuisceart
Kieran O'Dwyer

Oirthuaisceart
Sean Reilly

Iarthar
Eoin Brown

John McKeon
Rúnaí Cúnta

Beartas Bníomhachtaithe agus
Fostaíochta
Terry Corcoran

Athrú - IR
Oifigí Intreo Píolotacha
Anne Tynan

Caidreamh Fostóirí
Joan Gordon

Seach Seirbhísí Seacht
Brendan Friel

Intleacht Ghnó
Ciaran Judge

Nuachóiriú Próiseas Réigiúnach
Philip O'Donohoe

Simonetta Ryan
Rúnaí Cúnta

Comhaion/Beartas Aois
Oibre
Niall Egan

Cuimsiú Sóis. & Leanaí
Beartas Ioncaim
Jim Walsh

GRO
Kieran Feely

Beartas GRO
Brian Duff

Teresa Leonard
Rúnaí Cúnta

Sochair / MRCM
Niall Harrington

DA/Cúramóiri/FIS
Catherine Kellaghan

CB/ DCA/ TB/ CES/ MAT
Tony Kieran

Beartas Míchumais/Cúramóirí
Liam Walsh

AGUISÍN 2 REACHTAÍOCHT A ACHTAÍODH IN 2014

Na hAchtanna Leasa Shóisialaigh, Pinsean agus um Chlárú Sibhialta 2014

An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2014 (Uimh. 16 de 2014)

An tAcht um Chlárú Sibhialta (Leasú), 2014 (Uimh. 34 de 2014)

An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2), 2014 (Uimh. 41 de 2014)

Ionstraimí Reachtúla Leasa Shóisialaigh, Pinsean agus um Chlárú Sibhialta 2014

I.R. Uimh. 36/2014	Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Liúntas Leasa Forlíontach Comhdhlúite) (Leasú) (Uimh. 1) (Forlíonadh Aiste Bia) 2014.
I.R. Uimh. 71/2014	Na Rialacháin um Scéimeanna Pinsean Ceirde (Athluacháil) 2014.
I.R. Uimh. 93/2014	An tOrdú um an Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2012 (Alt 19) (Tosach Feidhme) 2014.
I.R. Uimh. 103/2014	An tOrdú um an Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013 (Ailt 22(b), 26, 27, 28, 29 agus 34) (Tosach Feidhme) 2014.
I.R. Uimh. 153/2014	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Aistriú Ceart Pinsin chuig Scéim Pinsean Institiúidí an Aontais Eorpaigh agus astu) 2014.
I.R. Uimh. 154/2014	Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Ranníocaí Comhdhlúite agus Inárachaitheacht) (Leasú) (Uimh. 1) (Aisíocaíochtaí), 2014.
I.R. Uimh. 155/2014	Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh agus Íocaíochtaí Comhdhlúite agus Rialú) (Leasú) (Uimh. 1) (Acmhainn a Mheasúnú) 2014.
I.R. Uimh. 156/2014	**Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Liúntas Leasa Forlíontach Comhdhlúite) (Leasú) (Uimh. 2) (Acmhainn a Mheasúnú) 2014.**

I.R. Uimh. 157/2014	Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Liúntas Cíosa) (Leasú) (Uimh. 1) (Acmhainn a Mheasúnú) 2014.
I.R. Uimh. 217/2014	Na Rialacháin um Scéimeanna Pinsean Ceirde (Treoir Ghairmiúil) (Leasú), 2014.
I.R. Uimh. 218/2014	Na Rialacháin um Scéimeanna Pinsean Ceirde (Sochair a Chaomhnú) (Leasú), 2014.
I.R. Uimh. 268/2014	Na Rialacháin um Scéimeanna Pinsean Ceirde (An Caighdeán Cistíochta) (Leasú), 2014.
I.R. Uimh. 308/2014	An tOrdú um an Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2013 (Ailt 13 agus 14) (Tosach Feidhme) 2014.
I.R. Uimh. 332/2014	Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh agus Íocaíochtaí Comhdhlúite agus Rialú) (Leasú) (Uimh. 2) (Sochair Áirithe a Ghnóthú agus Cúnamh) 2014.
I.R. Uimh. 333/2014	Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Ranníocaí Comhdhlúite agus Inárachaitheacht) (Leasú) (Uimh. 2) (Díolaíochtaí agus Ioncam Eiscthe), 2014.
I.R. Uimh. 347/2014	Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Ranníocaí Comhdhlúite agus Inárachaitheacht) (Leasú) (Uimh. 3) (Ranníocóirí Féinfhostaithe Eiscthe), 2014.
I.R. Uimh. 369/2014	Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh agus Íocaíochtaí Comhdhlúite agus Rialú) (Leasú) (Uimh. 3) (Idirdhealú ar Fhorais Aoise) 2014.
I.R. Uimh. 371/2014	Na Rialacháin um Chlárú Sibhialta (Sliocht Deimhnithe de Chlár na mBásanna) 2014.
I.R. Uimh. 392/2014	Na Rialacháin um Scéimeanna Pinsean Ceirde (Ailt 50 agus 50B) 2014.
I.R. Uimh. 411/2014	Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Liúntas Leasa Forlíontach Comhdhlúite) (Leasú) (Uimh. 3) (Forlíonadh Cíosa) 2014.
I.R. Uimh. 440/2014	Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh agus Íocaíochtaí Comhdhlúite agus Rialú) (Leasú) (Uimh. 4) (Scéimeanna Fostaíochta Forordaithe) 2014.
I.R. Uimh. 441/2014	Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Liúntas Leasa Forlíontach Comhdhlúite) (Leasú) (Uimh. 4) (Scéimeanna Fostaíochta Forordaithe) 2014.
I.R. Uimh. 497/2014	Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh agus Íocaíochtaí Comhdhlúite agus Rialú) (Leasú)

	(Uimh. 5) (Sochair Áirithe a Ghnóthú agus Cúnamh) 2014.
I.R. Uimh. 511/2014	Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh agus Íocaíochtaí Comhdhlúite agus Rialú) (Leasú) (Uimh. 6) (Ró-íocaíochtaí) 2014.
I.R. Uimh. 512/2014	Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Ranníocaí Comhdhlúite agus Inárachaitheacht) (Leasú) (Uimh. 5) (Modhnuithe ar Árachas Sóisialach), 2014.
I.R. Uimh. 513/2014	Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Ranníocaí Comhdhlúite agus Inárachaitheacht) (Leasú) (Uimh. 4) (Ranníocaí a Chur ar Ais), 2014.
I.R. Uimh. 514/2014	Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Ranníocaí Comhdhlúite agus Inárachaitheacht) (Leasú) (Uimh. 6) (Ranníocaí a Chur ar Ais), 2014.
I.R. Uimh. 529/2014	Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Forálacha Sealadacha) 2014.
I.R. Uimh. 530/2014	An tOrdú um an Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Alt 6) (Tosach Feidhme) 2014.
I.R. Uimh. 568/2014	Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Athrú sa Ráta Liúntas Maireachtála Aonair) 2014.
I.R. Uimh. 569/2014	Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh agus Íocaíochtaí Comhdhlúite agus Rialú) (Leasú) (Uimh. 7) (Teaghlachóirí) 2014.
I.R. Uimh. 595 de 2014	Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh agus Íocaíochtaí Comhdhlúite agus Rialú) (Leasú) (Uimh. 8) (Acmhainn a Mheasúnú) 2014.
I.R. Uimh. 604 de 2014	Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Liúntas Leasa Forlíontach Comhdhlúite) (Leasú) (Uimh. 5) (Forlíonadh Cíosa) 2014.

AGUISÍN 3 AIRÍ NA ROINNE Ó 1947 I LEITH

	Ó	Go Dtí
James Ryan	22 Eanáir 1947	18 Feabhra 1948
William Norton	18 Feabhra 1948	14 Meitheamh 1951
James Ryan	14 Meitheamh 1951	2 Meitheamh 1954
Brendan Corish	2 Meitheamh 1954	20 Márta 1957
Patrick Smyth	20 Márta 1957	27 Samhain 1957
Sean McEntee	27 Samhain 1957	24 Meitheamh 1959
Sean McEntee	24 Meitheamh 1959	12 Deireadh Fómhair 1961
Kevin Boland	12 Deireadh Fómhair 1961	21 Aibreán 1965
Kevin Boland	21 Aibreán 1965	16 Samhain 1966
Joseph Brennan	16 Samhain 1966	2 Iúil 1969
Kevin Boland	2 Iúil 1969	6 Bealtaine 1970
Joseph Brennan	6 Bealtaine 1970	14 Márta 1973
Brendan Corish	14 Márta 1973	5 Iúil 1977
Charles J Haughey	5 Iúil 1977	12 Nollaig 1979
Michael Woods	12 Nollaig 1979	30 Meitheamh 1981
Eileen Desmond	30 Meitheamh 1981	9 Márta 1982
Michael Woods	9 Márta 1982	14 Nollaig 1982
Barry Desmond	14 Nollaig 1982	14 Feabhra 1986
Gemma Hussey	14 Feabhra 1986	10 Márta 1987
Michael Woods	10 Márta 1987	18 Iúil 1989
Michael Woods	18 Iúil 1989	13 Samhain 1991
Brendan Daly	13 Samhain 1991	11 Feabhra 1992
Charlie McCreevy	11 Feabhra 1992	12 Eanáir 1993
Michael Woods	12 Eanáir 1993	15 Nollaig 1994
Proinsias De Rossa	15 Nollaig 1994	26 Meitheamh 1997
Dermot Ahern	26 Meitheamh 1997	17 Meitheamh 2002
Mary Coughlan	17 Meitheamh 2002	29 Meán Fómhair 2004
Seamus Brennan	29 Meán Fómhair 2004	15 Meitheamh 2007
Martin Cullen	15 Meitheamh 2007	7 Bealtaine 2008
Mary Hanafin	7 Bealtaine 2008	23 Márta 2010
Éamon Ó Cuív	23 Márta 2010	9 Márta 2011
Joan Burton	9 Márta 2011	

THE DEPARTMENT OF SOCIAL PROTECTION KEEPING YOU INFORMED...

ISSUED BY:
Information & Customer Services,
Department of Social Protection,
Social Welfare Services,
College Road, Sligo.

FOR FURTHER INFORMATION:
Log on to WWW.WELFARE.IE
LoCall information Line at 1890 66 22 44
(from the Republic of Ireland only)